

Iniúchadh ar an dTionchar a Imríonn Club Gaeilge i Meánscoil Lán-Bhéarla  
ar Inspreagadh Daltaí i Leith Fhoghlaim na Gaeilge

Tammy Ní Laoire B.A., A.D.C.F., P.G.D.E.

Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, d'fhonn cuid de na coinníollacha a bhaineann le bronnadh an M.A. i dTeagasc Teangacha (An Ghaeilge) a chomhlíonadh.

Lúnasa 2013

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An Roinn Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Ceann na Roinne: An Dr. Dorothy Ní Uigín

Stiúrthóir an Tráchtais: An Dr. Dorothy Ní Uigín

## DEARBHÚ

Dearbhaím leis seo, gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar atáim ag soláthar le haghaidh measúnachta mar chuid den chlár staidéir don Chéim Mháistreachta i dTeagasc Teangacha (An Ghaeilge), agus nár tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs mo shaothair.

Scoil:	Acadamh na hOllscolaíochta, OÉG.
Ainm an Iarrthóra:	Tammy Ní Laoire
Uimhir I.D.:	91144302
Stiúrthóir:	An Dr. Dorothy Ní Uigín
Sínithe:	Tammy Ní Laoire
Dáta:	Lúnasa 2013

## ACHOIMRE

Baineann an tráchtas seo le hiniúchadh a dhéanamh ar an dtionchar a imríonn Club Gaeilge i meánscoil lán-Bhéarla ar leibhéal inspreagtha agus ar leibhéal bhraistint féiniúlachta na ndaltaí i leith na Gaeilge. Glactar leis go bhfuil ‘tionchar níos láidre ná riamh ag córas scrúdaithe agus ag córas na bpointí ar mhúinteoirí agus ar a dtiteann amach sa seomra ranga’ (Ó Laoire, 2006:4). Mar sin, ba é príomhaidhm an staidéir seo ná le fáil amach an ardódh a leithéid de ghníomhaíocht sheach-churaclaim dearcadh na ndaltaí i leith na Gaeilge a aistriú ó ábhar scoile amháin go teanga bheo ábharthach agus fiúntach dóibh taobh amuigh den seomra ranga. Theastaigh ón taighdeoir, chomh maith, deiseanna treisithe Gaeilge a chur ar fáil do na daltaí i dtimpeallacht níos nádúrtha ná an gnáthsheomra ranga chun ‘féinmheas agus féinmhuinín na bhfoghlaimoirí’ chomh maith le ‘meon dearfa i leith na teanga a chothú’, (Siollabas na Gaeilge, 1-3).

Reáchtáladh an Club Gaeilge uair sa tseachtain thar thréimhse 45 nóiméad i rith am lóin. Bhí imeachtaí éagsúla idir lámha sa Chlub ó sheachtain go seachtain idir chluichí éagsúla, sheisiún bácála agus turas amach go dtí scoil Ghaeltachta i gcomhair chur i láthair drámaíochta, cheoil agus dhamhsa Ghaelaigh. Ag deireadh thréimhse an Chlub Ghaeilge lorgaíodh aiseolas ó na rannpháirtithe a ghlac páirt sa Chlub i gcaitheamh na bliana le ceistneoirí agus grúpa fócais.

Tá fianaise sa taighde seo go mbaineann féidearthachtaí dearfacha le Club Gaeilge a bheith i scoil chun leibhéal inspreagtha na ndaltaí i leith fhoghlaim na Gaeilge a ardú.

Is é tuairim an taighdeora go dtugann an Club Gaeilge deiseanna comhchaidrithe lánbhrí sa Ghaeilge do na foghlaimoirí, le deiseanna cumarsáide réalaíocha agus nádúrtha a chothú trí imeachtaí siamsúla a chur ar fáil dóibh taobh amuigh den ghnáthrang Gaeilge.

## BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine seo a leanas as an oiread cúnamh, tacaíochta agus comhairle a thabhairt dom maidir leis an miontráchtas seo:

Mo stiúrthóir, an Dr. Dorothy Ní Uigín, Riarthóir Theagasc na Gaeilge, as a cuid tacaíochta agus treoir ó thús deireadh an taighde seo.

Marion Ní Shúilleabháin, a léigh an tráchtas dom. Míle buíochas!

Na léachtóirí go léir ar an gcúrsa M.A. i dTeagasc Teangacha (An Ghaeilge), Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. D'fhág sibh rian bhur saineolais greanta ionam sa tslí is go mbraithim i bhfad níos feasaí ar na tosca go léir a imríonn tionchar ar shealbhú na teanga.

Na daltaí scoile go léir a bhí rannpháirteach sa taighde seo, agus a gcuid tuismitheoirí a thug cead dóibh páirt a ghlacadh ann. Murach a gcomhoibriú, ní fhéadfainn an tionscadal taighde seo a chur ar bun ná a thabhairt chun críche.

Mo mhuintir agus mo chairde go léir a spreag i dtreo na líne críche mé leis an aistear dúshlánach seo le dhá bhliain anuas.

Mo mhuirín iníon, Hannah. Murach tú ní bheadh an oiread de na deiseanna atá sa saol tapaithe agam. Is tusa faoi deara m'inspreagadh i ndul chun cinn sa saol a dhéanamh. Mo ghrá go deo thú.

Mo ghrágheal, Michael, a bhíonn chomh foighneach, tuisceanach, spreagúil agus cabhrach liom, agus a léiríonn muinín ionam i gcónaí. Is leatsa mo chroí.

Go raibh míle maith agaibh go léir!

## **BROLLACH**

I ndilchuímhne ar mo mhamó ionúin, Margaret (Peig) O’Leary, a d’imir tionchar ollmhór orm ar feadh mo shaoil agus a ghríosaigh mé i gcónaí faoi thábhacht an oideachais agus an ghrinn sa saol.

## Clár Ábhair

DEARBHÚ .....	2
ACHOIMRE .....	3
BUÍOCHAS .....	4
BROLLACH .....	5
Caibidil 1: An Réamhrá .....	9
1.0 Ábhar an tráchtais .....	10
1.1 Cúlra ábhar spreagtha an taighde .....	10
1.2 Siollabas na Gaeilge agus dearcadh na ndaltaí meánscoile ina leith.....	11
1.3 Siollabas na Gaeilge agus dearcadh cáinteach ina leith .....	12
1.4 Riachtanas an taighde .....	13
1.5 Na ceisteanna taighde .....	14
1.6 Na modhanna taighde .....	14
1.7 Cur síos ar leagan amach an Chlub Ghaeilge.....	14
1.8 Leagan amach an tráchtais .....	14
1.9 Achoimre ar chaibidil a haon .....	14
Caibidil 2: An Léirmheas Litríochta .....	15
2.0 Réamhrá .....	16
2.1 Inspreagadh .....	16
2.2 Inspreagadh intreach .....	17
2.3 Inspreagadh eistreach.....	17
2.4 Inspreagadh intreach v inspreagadh eistreach.....	18
2.5 Tionchar an mhúinteora agus dinimic an ranga ar inspreagadh an fhoghlaim.....	20
2.6 CLIL – Content and Language Integrated Learning/Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha .....	21
2.7 Cluichí agus úsáid na gcluichí i bhfoghlaim teangacha.....	22
2.8 An curaclam .....	23
Caibidil 3: Na Modheolaíochtaí Taighde.....	24
3.0. Réamhrá .....	25
3.1 Na modhanna taighde .....	26
3.2 Dialann mhachnamhach an taighdeora .....	26
3.3 Ceistneoirí.....	27
3.4 An grúpa fócais.....	28
3.5 Eiticí.....	29
3.6 Claontacht .....	30
Caibidil 4: Torthaí, Anailís agus Plé.....	31

4.0 An comhthéacs scoile .....	32
4.0.1 Leagan amach an Chlub Ghaeilge .....	32
4.0.2 Fógraíocht don Chlub Gaeilge .....	33
4.0.3 CLIL – Seisiún bácála.....	33
4.0.4 Cluichí.....	33
4.0.5 Turas an Chlub Ghaeilge go dtí an Ghaeltacht .....	33
4.1 An dialann mhachnamhach.....	34
4.1.1 Comhoibriú foirne.....	34
4.1.2 Cúrsaí tinrimh an Chlub Ghaeilge .....	35
4.1.3 Brú ama .....	36
4.1.4 Imeachtaí seach-churaclaim eile .....	36
4.1.5 Meascadh na ndaltaí as na bliainghrúpaí éagsúla .....	37
4.1.6 Spreagadh – Duaiseanna .....	37
4.1.7 Dul chun cinn sa Ghaeilge .....	37
4.1.8 Cluichí – Feidhmeanna teanga á gcleachtadh .....	38
4.1.9 Léitheoireacht .....	38
4.1.10 Turas an Chlub Ghaeilge go dtí an Ghaeltacht .....	39
4.2 An ceistneoir .....	39
4.2.1 Torthaí an cheistneora.....	39
4.2.2 Ábhar machnaimh bunaithe ar thorthaí an cheistneora.....	44
4.3 An grúpa fócais .....	44
4.3.1 Roghnú na gceisteanna .....	44
4.3.2 Roghnú na rannpháirtithe.....	44
4.3.3 Soiléiriú na rannpháirtithe maidir le cuspóir agus leagan amach an ghrúpa fócais .....	45
4.3.4 Cur chuige réachtáil an ghrúpa fócais.....	46
4.3.5 Ceisteanna don ghrúpa fócais .....	47
4.3.6 Ábhar machnaimh faoi réachtáil an ghrúpa fócais mar uirlis taighde.....	52
4.3.7 Ábhar machnaimh bunaithe ar aiseolas an ghrúpa fócais .....	53
Caibidil 5: Conclúid, Moltaí .....	54
1.0 Réamhrá .....	55
2.0 Conclúid.....	55
3.0 Moltaí.....	57
AGUISÍN .....	60
AGUISÍN I.....	61
Litir eolais do bhord bainistíochta na scoile .....	61
AGUISÍN II .....	62

Litir eolais faoi thuras an Chlub Ghaeilge go dtí an Ghaeltacht .....	62
AGUISÍN III .....	63
Litir thoilithe don taighde .....	63
AGUISÍN III (ar lean).....	64
AGUISÍN IV .....	65
An ceistneoir .....	65
AGUISÍN V .....	68
An ceistneoir – Na freagraí .....	68
AGUISÍN VI.....	81
An Grúpa Fócais – Na Ceisteanna .....	81
AGUISÍN VII.....	83
An dialann mhachnamhach.....	83
AGUISÍN VIII .....	83
Dlúthdhiosca de thaifead an ghrúpa fócais .....	83
AGUISÍN IX.....	84
Póstaeir don Chlub Gaeilge .....	84
LEABHARLIOSTA .....	85



## **Caibidil 1: An Réamhrá**

## **Caibidil 1: An Réamhrá**

### **1.0 Ábhar an tráchtais**

Sa chaibidil seo míneofar an chúis ar roghnaigh an taighdeoir an t-ábhar taighde a bhí idir lámha aici, is é sin Club Gaeilge a bhunú i meánscoil. Bhíothas ag súil leis, dá mbainfí fiúntas agus torthaí dearfacha as an ábhar taighde, go bhféadfadh sé a bheith ina eiseamláir agus ina ábhar tacaíochta do scoileanna eile ar mhian leo an Ghaeilge a chur chun cinn i measc a gcuid daltaí féin. Pléifear na modhanna a roghnaíodh chun léargas a fháil ar spriocanna an taighde a bhaint amach chomh maith.

### **1.1 Cúlra ábhar spreagtha an taighde**

Reáchtáil an teangeolaí Lelia Murtagh, i gcomhar le hInstitiúid Teangeolaíochta Éireann, staidéar faoin leibhéal inspreagtha i leith fhoghlaim na Gaeilge a bhí ag daltaí Ardteiste ón mbliain acadúil 2000-2001. Ghlac 257 dalta, as scoileanna éagsúla i mBaile Átha Cliath agus as an gceantar máguaird páirt sa suirbhé, idir dhaltaí Ardteiste, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal Gaeilge as scoileanna lán-Bhéarla, chomh maith le daltaí Ardteiste Ardleibhéal Gaeilge as dhá Ghaelcholáiste ar leith. Bunaithe ar scála tomhais AMTB Gardner (1985b), a dhéanann tomhas ar leibhéal inspreagtha an fhoghlaim eora i bhfoghlaim na dara teanga, tharraing torthaí an tsuirbhé aird ar thrí thosca ach go háirithe a d'imir tionchar suntasach ar leibhéal inspreagtha agus ar ghnóthú spriocanna na ndaltaí. Is iad sin, tacaíocht tuismitheoirí, úsáid na teanga, agus deiseanna an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den timpeallacht scoile. Dá mhéad úsáide a bhain na daltaí as an nGaeilge taobh amuigh den scoil, beag beann ar an leibhéal teagaisc Gaeilge a bhí á fháil acu, ba ní ba bhfearr a d'éirigh leo sa teanga dá bharr, (Murtagh, 2009, 2006).

Bíodh is go raibh an dearcadh ba dhearfaí i leith na Gaeilge ag na daltaí a bhí ag freastal ar na Gaelcholáistí (tumoideachas), léirigh torthaí an tsuirbhé, go raibh meon íseal spreagtha agus dearcadh diúltach ag go leor de na daltaí i dtaobh an chúrsa Ghaeilge i gcoitinne, agus i dtaobh fhoghlaim na Gaeilge, go mórmhór i measc na ndaltaí Gnáthleibhéil Ghaeilge, 'The study also shows that in the experience of the majority of Leaving Certificate students attending ordinary schools (scoileanna lán-Bhéarla), there is little functional context for Irish outside of school.' (Murtagh, 2006:56).

Léirigh an staidéar sin an gá atá ann le réimse tacaíochtaí breise a chur ar fáil taobh istigh agus taobh amuigh den chóras scolaíochta d'fhoghlaim eoirí Gaeilge, chun comhthéacs níos ábhartha agus níos bríche a chur ar fáil dóibh;

Irish learners need access to more meaningful contexts for using Irish in society in general. And within the school, there is scope for providing additional support mechanisms so as to encourage the Ordinary-Level Irish learners in particular. (Murtagh, 2006:56).

## **1.2 Siollabas na Gaeilge agus dearcadh na ndaltaí meánscoile ina leith.**

Tá béim ar leith ag siollabas Gaeilge na meánscoile ar an gcur chuige cumarsáideach le breis agus fiche bliain anuas chun ‘go mbainfeadh foghlaimeoirí úsáid as an teanga chun críche cumarsáide’ (Ó Laoire, 2006:6). Moltar go mbeadh na daltaí gníomhach sa phróiseas foghlama, go mbeadh na ceachtanna deartha i dtreo is go bhfuil an oiread deiseanna le tapú ag na daltaí cumarsáid a dhéanamh lena chéile tríd an sprioctheanga, ‘i suíomhanna fíorchumarsáide bunaithe ar mhalartú eolais a chruthú sa seomra ranga’ (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta).

Leagtar béim freisin ar aird na ndaltaí a tharraingt ar an bhfeasacht teanga, ar chultúr na Gaeilge, chomh maith le suim san oidhreacht Ghaelach i gcoitinne a chothú iontu. Ní mór don mhúinteoir Gaeilge ‘meon dearfa i leith na teanga a chothú agus dearcadh dearfa ar fhoghlaim teangacha a chothú sna foghlaimeoirí’ (CNCM).

Choimisiúnaigh an CNCM plépháipéar i 2006 dar teideal ‘*Curriculum provision for Irish in post-primary education*’ le hiniúchadh a dhéanamh ar staid sholáthar na Gaeilge sna meánscoileanna. D’eascair an plépháipéar sin as tátal phlépháipéir Little (2003) agus tuarascálacha na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI, 2004, 2006) i leith sholáthar an churaclaim Ghaeilge agus dearcadh daltaí meánscoile ina leith. Fuarthas go raibh 32% de dhaltaí dara bliana arbh í an Ghaeilge an t-ábhar is mó nár thaitin leo ar scoil agus gurbh í an Ghaeilge an t-ábhar ba dheacra dóibh do 46% díobh. Ba í an Ghaeilge a luadh, chomh maith, mar an t-ábhar is lú fiúntais (46% de dhaltaí) le hais na n-ábhar eile. Mhol plépháipéar an CNCM i 2006 gur cheart athstruchtúrú a dhéanamh ar an gcuraclam i dtreo is go mbeadh níos mó fiúntais nó ábharthacht ag an nGaeilge le saol laethúil na ndaltaí (2006:7). Eisíodh siollabas nuashonraithe don Ghaeilge san Ardeist i 2010 chun freastal a dhéanamh ar aidhmeanna leasaithe na Comhairle Curaclaim, ina mbeadh i bhfad níos mó béime ar labhairt na Gaeilge. De bharr na n-athruithe a tháinig i bhfeidhm tá luacháil 40% ag dul don Bhéaltriai Ardteiste ó 2012 ar aghaidh, le hais 25% mar a bhíodh ann roimhe sin. Ag am scríofa an mhiontráchtas seo níl ach torthaí scrúdaithe na céad bliana den siollabas nua ar fáil go fóill. De réir na dtorthaí sin, tháinig ardú ar líon na ndaltaí a roghnaigh an cúrsa Ardleibhéil Gaeilge (11%), agus ar líon na ndaltaí a

ghnóthaigh grád A,B,C ag an Ardleibhéal (87%), le hais an 84% ar an meán sna trí bliana roimhe sin.

### **1.3 Siollabas na Gaeilge agus dearcadh cáinteach ina leith**

Tá comhartha ceiste ann maidir le héifeachtacht shiollabas na Gaeilge chun ‘scileanna teanga na bhfoghlaimeoirí a bhuanú, a dhoimhniú agus a fhorbairt a thuilleadh ... i dtreo is go mbeidh ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol dátheangach atá mar aidhm náisiúnta ag an rialtas’ (CNCM). Bíodh is gur chuir Conradh na Gaeilge fáilte roimh an mbeart ar ardú a dhéanamh ar líon na marcanna a bhí le tabhairt don bhéaltriail san Ardteist, dúradh nárbh leor sin ann féin i gcur chun cinn fhoghlaim na Gaeilge rathúil. Mar fhreagairt ar fhógairt an Aire Oideachais i 2007 faoi na marcanna breise don bhéaltriail ag an am, dúirt Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Dáithí Mac Cárthaigh, go rabhthas ‘ag díriú ar leibhéal amháin den fhadhb agus ag déanamh neamhairde ar na leibhéil eile. Is gá múineadh agus foghlaim na Gaeilge a fhorbairt ag an trí leibhéal ar bhonn iomlanaíoch [sic], i.e. sna bunscoileanna, ag an dara leibhéal agus sna coláistí oiliúna.’, (12 Márta 2007). Molann Conradh na Gaeilge gur chóir ‘dhá shiollabas a fhorbairt don Ghaeilge ag an dara leibhéal le dhá pháipéar scrúdaithe ar leith don Ardteist agus don Teastas Sóisearach (“Teanga na Gaeilge”, ag múineadh agus ag measúnú na scileanna tuisceana, labhartha, léite agus scríofa ag baint leasa as an bhFráma Coiteann Eorpach mar thagairt agus “Litriocht na Gaeilge” le déanamh ag mic léinn ardleibhéil amháin).’, (12 Márta 2007).

Léirigh an eagraíocht Ghaelscolaíochta, Gaelscoileanna Teo., inní faoi ardú na marcanna don bhéaltriail, go háirithe agus an baol ann go n-ardófaí sciar na marcanna don bhéaltriail tuilleadh. Bheadh an beart sin ‘tubaisteach do thodhchaí na teanga’, dar leo (2011:33). Tá tuilleadh tuairimíochta déanta go bhfuil simpliú nó dúrú á dhéanamh ar an nGaeilge leis an gcúrsa nua, ‘níor cheart fiúntas an tsiollabais a mheas de réir torthaí arda, ach de réir cumas cainte agus tuisceana na ndaltaí’ (Delap, Márta 2013). Idir an dá linn, tá athbhreithniú ar bun ag an CNCM ar shiollabas Gaeilge an Teastais Shóisearaigh i láthair na huaire mar chuid d’ollchóiriú chlár an Teastais Shóisearaigh.

Go deimhin, níl sé réalaíoch a bheith ag súil leis gur féidir le scoileanna sealbhú na Gaeilge a bhaint amach go rathúil bunaithe ar shiollabas nua scoile a chur i bhfeidhm. Níl in iarrachtaí atá ar siúl sna scoileanna ach gné ar leith d’iliomad gnéithe ar chóir a bheith á soláthar ag an Rialtas chun spriocanna físe sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30 a bhaint amach d’fhonn ‘a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla’, (Rialtas na hÉireann, 2010:3). Mar a mhaíonn Baker;

A school can initiate second language acquisition in the minority language. However, not all students will continue to use the school-learned language throughout life, including in parenting their children. Even when a child successfully learns minority language oracy and literacy skills in school, unless there is considerable support in the community and the economy outside school, the language may wither. A classroom-learned second language may become a school-only language. (Baker, 2011:61)

#### **1.4 Riachtanas an taighde**

Míníonn Baker (2011) nach bhfuil aon bhaint ag an dara teanga (teanga mhionlaigh ach go háirithe) leis an mbraistint féiniúlachta atá ag foghlaimeoirí óga T2 dóibh féin, go háirithe nuair nach bhfuil an teanga sin mar theanga chumarsáide ina dtimpeallacht féin;

For that language to survive inside the individual, a person needs to become bonded in language minority **social networks** while at school, and particularly after leaving school. There needs to be pre-school, out-of-school, and after-school support and reward systems for using the minority language. (Baker, 2011:61)

Is chuige seo gur bheartaigh taighdeoir an mhiontráchtas seo Club Gaeilge a bhunú sa mheánscoil lán-Bhéarla ina bhfuil sí ag obair, le féachaint an ardódh a leithéid de ghníomhaíocht sheach-churaclaim leibhéal inspreagtha agus leibhéal bhraistint féiniúlachta na ndaltaí i leith na Gaeilge. De bharr go bhfuil ‘tionchar níos láidre ná riamh ag córas scrúdaithe agus ag córas na bpointí ar mhúinteoirí agus ar a dtiteann amach sa seomra ranga’ (Ó Laoire, 2006:4), theastaigh ón taighdeoir iarracht a dhéanamh dearcadh na ndaltaí i dtaobh na Gaeilge a aistriú ó ábhar scoile amháin go teanga bheo ábharthach agus fiúntach dóibh taobh amuigh den seomra ranga. Theastaigh ón taighdeoir, chomh maith, deiseanna treisithe Gaeilge a chur ar fáil do na daltaí i dtimpeallacht níos nádúrtha ná an gnáthsheomra ranga chun ‘féinmheas agus féinmhuinín na bhfoghlaimeoirí’ chomh maith le ‘meon dearfa i leith na teanga a chothú’ (Siollabas na Gaeilge, 1-3);

...the more students use Irish outside of school, the higher their achievement in Irish and the higher their motivation to learn Irish and their interest in learning it. (Murtagh, 2006:55-56)

Bíodh is go mbeadh an taighdeoir ag reáchtáil an Chlub Ghaeilge taobh *istigh* d’am scoile, bhíothas ag súil leis go mbainfí torthaí dearfacha amach leis an gClub Gaeilge mar acmhainn thacúil thaitneamhach dóibh i sealbhú na teanga.

### **1.5 Na ceisteanna taighde**

Is í an phríomhcheist atá le cinneadh i gcomhthéacs an taighde seo ná an fiú do scoileanna Clubanna Gaeilge a bhunú iontu le meon agus inspreagadh na ndaltaí i leith na Gaeilge a ardú?

### **1.6 Na modhanna taighde**

Rinneadh taighde cáilíochtúil ag baint úsáide as ceistneoirí, agus as grúpa fócais a reáchtáladh le rannpháirtithe an Chlub Gaeilge. Braitheadh chomh maith ar dhialann mhachnamhach an taighdeora ar mhaithe le luach breathnaithe a thabhairt don taighde thar ceann na sé mhí den taighde a bheith ar bun.

### **1.7 Cur síos ar leagan amach an Chlub Ghaeilge**

Reáchtáladh an Club Gaeilge uair sa tseachtain thar thréimhse 45 nóiméad i rith am lóin. Bhí imeachtaí éagsúla idir lámha sa Chlub ó sheachtain go seachtain idir chluichí éagsúla, sheisiún bácála agus turas amach dtí scoil Ghaeltachta i gcomhair chur i láthair drámaíochta, cheoil agus dhamhsa Ghaelaigh. Ag deireadh thréimhse an Chlub Gaeilge lorgaíodh aiseolas ó na rannpháirtithe a ghlac páirt sa Chlub i gcaitheamh na bliana i bhfoirm cheistneoirí a chomhlánú agus grúpa fócais a reáchtáil. Pléadh conas mar a d'éirigh leis an gClub Gaeilge agus leis an taighde i gcoitinne i gcaibidil a ceathair.

### **1.8 Leagan amach an tráchtais**

I gcaibidil a dó, pléadh an litríocht a bhaineann leis na coincheapa a bhaineann leis an inspreagadh agus le dinimic eile a imríonn tionchar ar rath shealbhú na dara teanga.

I gcaibidil a trí, pléadh na modhanna taighde a bhí in úsáid sa taighde agus rinneadh cur síos i gcaibidil a ceathair ar leagan amach agus ar thorthaí an taighde.

I gcaibidil a cúig, pléadh conclúidí an taighde agus na tátail a eascraíonn as na conclúidí sin.

### **1.9 Achoimre ar chaibidil a haon**

Sa chaibidil seo pléadh roinnt de na cúiseanna a mbraitheann daltaí meánscoile coimhthithe ón nGaeilge agus na cúiseanna nach mbíonn fonn orthu dul i mbun foghlama na teanga dá bharr. Léiríodh go n-imríonn an t-inspreagadh ról lárnach ar rath shealbhú na Gaeilge d'fhoghlaimoirí meánscoile agus míníodh gur theastaigh ón taighdeoir féachaint cén tionchar a d'fhéadfadh Club Gaeilge i meánscoil a imirt ar mheon agus ar inspreagadh na ndaltaí i leith na Gaeilge a ardú. Luadh na modhanna taighde a bhí in úsáid sa taighde seo agus rinneadh cur síos ar leagan amach ginearálta an Chlub Ghaeilge.

## **Caibidil 2: An Léirmheas Litríochta**

## Caibidil 2: An Léirmheas Litríochta

### 2.0 Réamhrá

Is é an sainmhíniú ginearálta a thugtar ar an bhfocal ‘inspreagadh’ ná ‘a reason or reasons for acting or behaving in a particular way’ (Oxford, 2013) agus is beag teoiriceoir teanga nach n-aontódh leis an sainmhíniú lom sin. Pléifear na tosca sin a imríonn tionchar ar an inspreagadh i bhfoghlaim na dara teanga sa chaibidil seo. Beifear ag tabhairt suntais do theoiriceoirí ar leith i réimse an inspreagtha mar a bhaineann sé le sealbhú na dara teanga, (Gardner agus Lambert, 1972; Gardner, 1985; Deci agus Ryan, 1985; Chomsky, 1988; Weiner, 1992; Brown, 1994; Williams agus Burden, 1997; Arnold agus Brown, 1999, agus eile).

### 2.1 Inspreagadh

Tá Gardner (1972, 1985) ar dhuine de na mórcheannródaithe taighde i réimse shealbhú na dara teanga. Tá clú bainte amach ag Dörnyei sa réimse seo chomh maith, le beagnach tríocha bliain anuas. Tá taighde Gardner maidir le cúiseanna foghlama na dara teanga lárnaithe i bprionsabail na síceolaíochta sóisialta. Is é sin, an tsuim a léiríonn an foghlaimeoir i sochaí agus i gcultúr an phobail teanga eile mar chúis an inspreagtha i bhfoghlaim na dara teanga. Cé go dtugann Dörnyei aird ar theoiric Gardner, ceapann sé go n-imríonn ról an mhúinteora agus ról an tsiollabais taobh istigh den seomra ranga tionchar suntasach ar leibhéal inspreagtha an fhoghlaimeora agus gur chóir do mhúinteoirí tuiscint mhaith a bheith acu ar na tosca sin i réimse fhoghlaim na dara teanga;

...language learning is ultimately a highly interpersonal enterprise, involving relationships between learners and teachers as well as native and non-native speakers; therefore, understanding the psychology of these relationships and of the agents involved in them is half the battle! (Dörnyei, 2012:11)

Tá taighde Dörnyei dírithe ar an ngléthionchar a imríonn athróga casta agus suibiachtúla an inspreagtha ar shealbhú na dara teanga. Gan an t-inspreagadh, is deacair a shamhlú conas a d’fhéadfaí an dara teanga a shealbhú, ‘...it provides the primary impetus to initiate L2 learning and later the driving force to sustain the long and often tedious learning process.’ (Dörnyei, 2005:65).

De bharr go bhfuil an oiread sin tréithe, gnéithe agus suibiachtúlachtaí i gceist leis an inspreagadh ag brath ar thosca timpeallachta, pearsanta agus cultúir an fhoghlaimeora teanga, bíonn éagsúlacht tuairime á léiriú ag teoiriceoirí maidir le sainmhíniú níos doimhne a thabhairt ar léirthuiscint bhrí an fhocail ‘inspreagadh’ i réimse fhoghlaim na dara teanga.



Nuair a phléitear an t-inspreagadh i gcomhthéacs fhoghlaim na dara teanga déantar iniúchadh ar chúiseanna an fhoghlaim leis an bhfoghlaim teanga, (Arnold agus Brown, 1999:13). Dar le Gardner (1985), tá trí phríomhghné comhcheangailte a áirítear leis an inspreagadh, (is cuma an inspreagadh intreach nó eistreach atá i gceist le foghlaim na dara teanga); is iad sin an iarracht inmheánach agus méid na hiarrachta a chuirtear isteach sa phróiseas foghlama; an chognaíocht nó méid na tola a léirítear chun leibhéal áirithe foghlama a bhaint amach, agus an mhothachtáil, is é sin, conas mar a théann an sprioc foghlama teanga atá bainte amach ag an duine i bhfeidhm air. Glacann teoiriceoirí teanga leis go forleathan go mbaineann dhá mhórthoisic leis an inspreagadh: an t-inspreagadh intreach agus an t-inspreagadh eistreach, ach go bhfuil iliomad tosca eile a thagann faoi scáth an dá mhórthoisic sin a imríonn tionchar suntasach ar shealbhú na dara teanga go speisialta, (Gardner agus Lambert, 1975; Deci agus Ryan, 1985; Brown, 1994, Dörnyei, 2005).

## **2.2 Inspreagadh intreach**

Léirítear an t-inspreagadh ‘intreach’ mar an fonn nádúrtha atá ar an duine rud éigin a dhéanamh de bharr go dtaitneodh sé leis é a dhéanamh ar bhonn suime inmheánaí. Dar le Gardner agus Lambert (1972), (luaite in Arnold, 1999:13) i gcomhthéacs spriocanna foghlama na dara teanga, féachtar ar an inspreagadh intreach mar ghné chomhtháiteach a bhaineann leis an bhfonn atá ar an bhfoghlaim a bheith páirteach, nó bainteach le pobal na sprioctheanga sin. Bíonn bunús sóisialta agus comhchaidrithe i gceist leis. Tacaíonn Dörnyei leis an meon sin chomh maith. Deir sé gurb ionann a bheith spreagtha ar bhonn intreach chun an dara teanga a fhoghlaim agus a léiriú go bhfuil meas ag an bhfoghlaim ar chultúr agus ar shlí mhaireachtála an phobail sin, (Dörnyei, 2005:96). Tacaíonn Nic Ealagóid, (2007), leis an tuairim sin chomh maith. Deir sí go bhfuil ‘...bunús idirphearsanta leis an ghné chomhtháthaíoch a lorgaíonn cairdeas agus ionannú le grúpa eile.’ (Nic Ealagóid, 2007:26). Is é sin an coincheap sochoideachasúil a chuir Gardner (1985) chun cinn os cionn fiche bliain roimhe sin.

## **2.3 Inspreagadh eistreach**

Ar an taobh eile de, is ionann an t-inspreagadh ‘eistreach’, nó ionstraimeach, agus an fonn atá ar an bhfoghlaim ‘...to get a reward or avoid punishment...’ (Deci agus Ryan, 1985:245), nó go bhfuil an fócas nó an sprioc foghlama dírithe ar mhianta eile seachtracha agus nár mhór an dara teanga a fhoghlaim i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, ar nós níos mó deiseanna fostaíochta a thapú, nó ardú céime agus stádais a bhaint amach sa saol, mar shampla (Gardner agus Lambert, 1972, luaite in Arnold agus Brown, 1999:13).

Aontaíonn Dörnyei leis an tuairim sin chomh maith, ag rá go mbíonn gné den mhothú dualgais agus freagrachta ag baint leis an inspreagadh eistreach agus nach mbíonn ach toradh gearrthéarmach le feiceáil, dá bharr, (Dörnyei, 2005:95,103).

#### **2.4 Inspreagadh intreach v inspreagadh eistreach**

Deir Brown gur chóir níos mó béime a chur ar thábhacht inspreagadh intreach an fhoghlaimora a chothú, chun go dtarlódh sealbhú rathúil eolais, (1994:40). Shílfi gur chuma faoi fhoinsé an inspreagtha ar rath na foghlama, nuair is léir ón taighde gur féidir an dara teanga a shealbhú beag beann ar chúiseanna spreagtha intrigh nó eistrigh foghlama na teanga, chomh fada agus go bhfuil spreagadh de shaghas éigin ag feidhmiú go héifeachtach don bhfoghlaimoir. Mar sin féin, molann formhór na dteoiriceoirí na láidreachtaí a bhaineann leis an inspreagadh intreach, a bhfeictear torthaí níos fadtéarmaí ag baint leo i bhfoghlaim na dara teanga, ach níor chóir neamhaird a dhéanamh ar thábhacht an inspreagtha eistrigh ach an oiread, dar leo. De réir Williams agus Burden (1997:125) agus teoiriceoirí teanga eile, (Dörnyei, 2005:118) bíonn an dá thoisic fite fuaite lena chéile go minic. Dar le Williams agus Burden, bíonn go leor den inspreagadh bunaithe ar an luach meabhairbhraite a chuireann an foghlaimoir é féin ar fhoghlaim na dara teanga. Is féidir leis an t-inspreagadh intreach agus eistreach a bheith ag feidhmiú as lámha a chéile, rud a chabhraíonn le leibhéal féinmhuiníne an fhoghlaimora a ardú maidir lena chumas dul chun cinn a dhéanamh i rith an phróisis foghlama. De réir mar a mhéadaíonn ar leibhéal féinmhuiníne an fhoghlaimora, más moladh seachtrach an mhúinteora atá i gceist, nó cumas cognaíoch an fhoghlaimora aitheantas a thabhairt don dul chun cinn atá á dhéanamh aige, mar shampla, tiocfaidh feabhas ar a chumas sa dara teanga diaidh ar ndiaidh agus beidh sé níos spreagtha arís chun tuilleadh foghlama a dhéanamh dá bharr.

Leagann taighde Clément *et al.* (luaite i Dörnyei, 2005:73) béim ar thábhacht na féinmhuiníne don inspreagadh i gcoitinne, go háirithe mar a bhaineann sé le pobail éagsúla teanga ag maireachtáil taobh le taobh agus an fhéinmhuinín a eascraíonn ó chaighdeán agus ó mhinicíocht teagmhála idir cainteoirí T1 agus T2 na bpobal sin, bunaithe ar theoiric na dtógán sóisialta. Mhaígh Gardner go mbainfeadh an foghlaimoir teanga luach agus tairbhe ní ba dhoimhne as an bpróiseas foghlama ag brath ar mhéid na hiarrachta a d'infheisteofaí ann, ba chuma an ar chúiseanna intreacha nó eistreacha a bheadh i gceist leis an spreagadh; 'Individuals who are truly motivated not only strive to learn the material but also seek out situations where they can further practice' (Gardner, 1985:169). Ní aontaíonn teoiriceoirí eile, ar nós Arnold agus Brown leis an tuairim sin go hiomlán. Cé go n-aithníonn siad go mbaineann méid áirithe fiúntais leis an spreagadh eistreach i

bhfoghlaim na dara teanga, is fearr go mór, dar leo, an tionchar a imríonn an t-inspreagadh intreach ar rath na foghlama ar bhonn fadtréimhseach (1999:14). Aontaíonn siad le dearcadh Kohn (1990, luaite in Arnold agus Brown, 1999:14; agus Brown, 1994:40) a mhaíonn go n-imríonn gnáthshocruithe an tseomra ranga traidisiúnta, ina mbíonn béim ar luaíochtaí seachtracha ar nós grád, scrúduithe agus iomaíochais, drochthionchar ar leibhéal inspreagtha an fhoghlaimora. Aontaíonn Lightbown agus Spada leis an tuairim sin chomh maith;

Depending on the learners' attitudes, learning a second language can be a source of enrichment or a source of resentment. If the speaker's only reason for learning the second language is external pressure, internal motivation may be minimal and general attitudes towards learning may be negative. (Lightbown agus Spada, 2003:56).

Gan an fonn sin a bheith spreagtha san fhoghlaimoir Gaeilge, bíodh sé go hintreach nó go heistreach, bíonn dúshlán as cuimse roimh an múinteoir Gaeilge, beag beann ar chomh díograiseach is atá sé/sí féin nó ar an siollabas atá le teagasc aige/aici. Caithfear glacadh leis go mbíonn daltaí ann agus ní fheiceann siad fiúntas ar bith leis an bhfoghlaim. Deir Race (2007:8-11) go dtéann an fonn chun na foghlama go smior sa duine ar leibhéal níos doimhne ná an spreagadh agus gur beag an tionchar gur féidir a imirt ar an duine nach bhfuil fonn foghlama air. Tacaíonn Ó Háinle (2001) leis an tuairim sin freisin. Dar leis;

...creidim gur toisc nach bhfuil siad ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim a theipeann ar a lán de na daltaí an Ghaeilge a shealbhú...Agus creidim go daingean, dá fheabhas na sollabais (*sic*) agus na córais mheasúnaithe a cheaptar, fad a mhaireann an meon sin i measc daltaí agus mic léinn, creidim nach dtiocfaidh feabhas ar an scéal sin. (Ó Háinle, 2003:12-13)

Is é an easpa luach praiticiúil a bhaineann leis an nGaeilge an gearán a bhíonn le cloisint ó dhaltaí go minic ar scoil maidir leis an easpa foinn a bhíonn orthu i leith fhoghlaim na teanga, (féach tuarascálacha na hInstitiúide Taighde, Eacnamaíochta agus Sóisialta, 2004, 2006). Tá an meon diúltach sin le sonrú i dtaighde Baker (1992), luaite in Ó Cuinneagáin (2010), a dúirt '...a language that has no place in daily business, administration and transaction, is likely to be linked with attitude decline', (Baker, 1992:110).

Cibé argóint is féidir a dhéanamh maidir leis an réimse úsáide gur féidir a bhaint as an nGaeilge 'in daily business, administration and transaction' nó a mhalairt, síleann an taighdeoir gur chóir, ar a laghad, iarrachtaí a dhéanamh na daltaí a spreagadh i dtreo

fhoghlaim na Gaeilge chun úinéireacht a ghlacadh ar a n-oidhreacht Ghaelach. Creideann an taighdeoir go bhfuil sé tábhachtach go gcuirtear ina luí ar fhoghlaimoirí teanga nach gá i gcónaí gur ar bhonn riachtanais úsáidteachta a fhoghlaimítear teanga, ach ar bhonn suim aeistéitiúil agus chultúrtha a spreagadh chomh maith céanna.

## **2.5 Tionchar an mhúinteora agus dinimic an ranga ar inspreagadh an fhoghlaimora**

Maíonn Chomsky (1988, luaite in Arnold agus Brown, 1999:13), an tábhacht a bhaineann le ról an mhúinteora maidir le hinspreagadh an fhoghlaimora a mhúscailt: ‘The truth of the matter is that about 99 percent of teaching is making the students feel interested in the subject.’ Deir Gardner gur mar ábhar scoile is mó is cúis le foghlaim na dara teanga do go leor foghlaimoirí, ina gcaithfear ábhar a fhoghlaim, a thuiscint agus a chur de ghlanmheabhair ar mhaithe le scrúdú a dhéanamh, nó múinteoir nó tuismitheoirí a shásamh (inspreagadh seachtrach/ionstraimeach). Bíodh is gur timpeallacht shaorga a bhíonn sa seomra ranga teanga imríonn spreagadh an mhúinteora agus dinimic an ranga tionchar mór ar mheon agus ar leibhéal inspreagtha chun na foghlama.

Ceann do na tosca suntasacha a imríonn tionchar ar leibhéal inspreagtha an fhoghlaimora ná an ról a imríonn a rogha phearsanta féin chun dul i ngleic leis an bpróiseas foghlama teanga. Is é an foghlaimoir a chinneann go cognaíoch cé mhéad ama agus iarrachta atá sé sásta a chaitheamh ar an bpróiseas foghlama. Is é ról an mhúinteora tacaíocht scaflála a thabhairt don fhoghlaimoir i dtreo na spriocanna foghlama sin a bhaint amach, (Williams agus Burden, 1997:119). Deir Lightbown agus Spada gurb é an t-aon bhealach ar féidir le múinteoirí dul i bhfeidhm ar thosca inspreagadh dearfach na bhfoghlaimoirí, dar leo, ná ag cinntiú go bhfuil timpeallacht foghlama thacúil sa seomra ranga, agus go bhfuil gníomhaíochtaí spreagúla idir lámha ag na foghlaimoirí, atá oiriúnach dá n-aois, dá leibhéal éagsúla cumais foghlama, dá suimeanna agus dá gcúlraí ar leith, i dtreo is go mbraitheann na foghlaimoirí gur féidir leo na spriocanna atá leagtha síos dóibh a bhaint amach, (Lightbown agus Spada, 2003:163). Dhear Dörnyei (1994a:279-280) creat ginearálta maidir le foghlaim na dara teanga ina bhfuil trí leibhéal ar leith a imríonn tionchar ar rath na foghlama teanga nó a mhalairt, ag tabhairt an t-inspreagadh intreach agus eistreach, an fhéinmhuinín agus an moladh go léir san áireamh. Is iad sin: (i) an leibhéal teanga mar a bhaineann sé le cúiseanna foghlama teanga an fhoghlaimora, mar shampla, cé mhéad den teanga a theastaíonn ón bhfoghlaimoir chun spriocanna áirithe seachtracha a bhaint amach ina bhfuil tosca úsáideachta i gceist leis an teanga don fhoghlaimoir; (ii) leibhéal an fhoghlaimora, a chuimsíonn gnéithe agus tréithe casta, indibhidiúla an fhoghlaimora mar riachtanas gnóthachtála pearsanta a bhaint amach; agus

(iii) leibhéal suímh na foghlama a chuimsítear tosca ar nós an tsiollabais, chur chuigí teagaisc, na dtascanna foghlama, grúpdhinimice, agus dinimic idirphearsanta an mhúinteora agus an fhoghlaiméora lena chéile. Tacaíonn Williams agus Burden (1997:137-139) leis an gcreat sin chomh maith. Maíonn siadsan go luíonn an t-inspreagadh le teoiricí cognaíocha agus tógachaíocha;

The decisions people make will be based on their own construction of the world. They will also depend on the internal attributes that individuals bring to the situation; their personality, confidence, and other factors. (1997:137)

Is próiseas fada casta atá i gceist le sealbhú na dara teanga ina mbíonn iliomad tosca ag imirt tionchair ar rath an fhoghlaiméora, (Brown, 2000:1, Tarone, 2006:153). Tá cothú na cumarsáide thar a bheith riachtanach agus baineann an taighdeoir úsáid as dhá chur chuige ar leith chun an sprioc sin a bhaint amach i measc rannpháirtithe an taighde seo. Is iad sin an CLIL agus cluichí a úsáid sa Chlub Gaeilge.

## **2.6 CLIL – Content and Language Integrated Learning/Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha**

Is ionann an CLIL nó Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha, agus foghlaim ábhair an churaclaim trí theanga nach máthairtheanga an dalta í nó ‘...*in a language other than the normal language of instruction*’ (Eurydice, 2004:3). Is fócas déach (Coyle, Hood agus Marsh, 2010:1), atá i gceist leis an gcur chuige CLIL ina mbíonn an fhoghlaim ábhair ag tarlú trí phróiseas foghlama na dara teanga go comhuaineach. Moltar an cur chuige CLIL, a d’eascair sna nóchaidí, le taithí foghlama níos iomláine agus níos nádúrtha, a chur ar fáil d’fhoghlaiméoirí teanga. Is cineál leagan den tumoideachas atá i gceist leis an gcur chuige seo seachas go múintear formhór na n-ábhar sa churaclam scoile tríd an máthairtheanga de ghnáth, neamhchosúil leis an tumoideachas, ina mbíonn teanga oibre na scoile agus an curaclam seachadta trí theanga sonraithe amháin. Ní gá go mbeadh leibhéal áirithe inniúlachta sroichte ag an bhfoghlaiméoir sula dtosaítear ag foghlaim an ábhair tríd an sprioctheanga, ach is deacair an CLIL a sheachadadh go héifeachtach muna mbíonn an múinteoir ábhair líofa go dátheangach, (Graddol, 2006:86). Maíonn Coyle, Hood agus Marsh (2010) gur féidir leis an gcur chuige CLIL leibhéal inspreagtha agus inniúlacht teanga an fhoghlaiméora a ardú go mór, go háirithe má tá an fhoghlaiméoir toilteanach páirt a ghlacadh sa chur chuige foghlama seo (2010:10-11). Díríonn an cur chuige CLIL ar mhúineadh ghnéithe áirithe den teanga atá ábhartha agus riachtanach chun dul i ngleic le spriocanna foghlama an ábhair cuí trí chomhthéacsanna nádúraíocha. Uaireanta bíonn an bhéim foghlama faoi thiomáint an ábhair agus uaireanta eile bíonn sé faoi thiomáint na

sprioctheanga. Is próiseas gníomhach, foghlaimeoir-lárnach atá ann a théann chun tairbhe eispéireas foghlama an fhoghlaimeora, leis an mbéim ar leibhéal ard cainte a spreagadh sna foghlaimeoirí agus líon ama cainte an mhúinteora sa rang a laghdú.

In ainneoin go bhfuil suim sa CLIL mar chur chuige i dteagasc na dara teanga ag dul i méid i dtíortha eile san Aontas Eorpach, is beag fianaise atá ar fáil faoina leibhéal feidhme sa tír seo. De réir thaighde Eurydice (2004), maidir le húsáid an CLIL i gcóras oideachais na hÉireann, sonraítear nach bhfuil mórán taithí ná tuisceana ar úsáid an chur chuige seo i gcoitinne, seachas i measc saineolaithe oideachais i réimse fhoghlaim na dara teanga, agus go nglaoitear ‘múineadh trí Ghaeilge’ ar ábhair a mhúintear trí Ghaeilge i scoileanna lán-Bhéarla, seachas ‘CLIL’ a ghlaoch air (2004:3). Ní ghlacann Eurydice leis gur CLIL atá i bhfeidhm ansin, áfach.

Bheartaigh an taighdeoir triail a bhaint as an gcur chuige CLIL mar chuid den taighde maidir le roinnt do na gníomhaíochtaí a réachtáladh sa Chlub Gaeilge, cosúil le cluichí cártaí agus seisiún bácála a chur ar bun tríd an sprioctheanga. D’oibrigh na gníomhaíochtaí sin thar cionn le deiseanna cainte na ndaltaí a ardú agus i gcás úsáid na téarmaíochta nua a bhreith leo. Déanfar tuilleadh plé faoi sin sa chéad chaibidil eile.

## **2.7 Cluichí agus úsáid na gcluichí i bhfoghlaim teangacha**

Aithnítear go forleathan go bhfuil ról tábhachtach agus éifeachtach ag úsáid cluichí teanga struchtúrtha i bhfoghlaim teangacha, (Wright, Betteridge agus Buckby, 2006; Chen, 2005; Huyen agus Nga, 2003; Lee, 1979). Spreagann cluichí agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha na foghlaimeoirí le taitneamh agus spraoi a bhaint as an bpróiseas foghlama agus cabhraíonn na cluichí leis an bhfoghlaim ar leibhéal níos bríche do na foghlaimeoirí chun cumarsáid sa sprioctheanga a chur ar siúl. Baintear úsáid as, agus cleachtaítear na scileanna gabhchumais agus ginchumais agus na cluichí á n-imirt, agus tarlaíonn go leor den sealbhú go neamh-chomhfhiosach, ina mbíonn aird agus úsáid teanga na bhfoghlaimeoirí dírithe ar an imirt seachas ar an bhfoghlaim teanga féin, (Chen, 2005:1). Go deimhin, maítear gur fearr go mbeadh na foghlaimeoirí ag caint le hearráidí agus le botúin seachas gan aon chaint in aon chor a dhéanamh. Is é ról an mhúinteora ansin monatóireacht a dhéanamh ar na grúpaí agus ceartúcháin a dhéanamh, más cuí, (Wright, Betteridge agus Buckby, 2006:3). Glactar leis go gcuireann úsáid chluichí go mór le hatmaisféar taitneamhach a chothú, go háirithe má bhíonn gné den iomaíochas i gceist leis na cluichí, rud a spreagann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht mar thréith de nádúr an duine, (Chen, 2005:1; Huyen agus Nga, 2003:8,14; Lee, 1979:1). Cabhraíonn úsáid chluichí le hábhar inní agus strus i bhfoghlaim na teanga a laghdú chomh maith. Dar ndóigh, tá

oiriúnacht na gcluichí don sprioc foghlama, chomh maith le comhdhéanamh dhinimic agus chumas na bhfoghlaimoírí thar a bheith tábhachtach. Ní mholtar cluichí a imirt ar mhaithe le cluichí a imirt, mar sin féin, agus ba chóir go mbeadh gné fhoghlama sa sprioctheanga bainteach leis na cluichí agus leis na gníomhaíochtaí a roghnaítear, (Wright, Betteridge agus Buckby, 2006:9; Huyen agus Nga, 2003:).

## **2.8 An curaclam**

Tá dhá churaclam ar leith i gceist le curaclam na Gaeilge ag an iar-bhunscoil: curaclam na sraithe sóisearaí, a mhaireann trí bliana, agus curaclam na sraithe sinsearaí, a mhaireann idir dhá agus trí bliana, ag tabhairt clár na hidirbhliana san áireamh. Is éard atá mar aidhm le curaclam Gaeilge na sraithe sóisearaí ná scileanna teanga na ndaltaí a fhorbairt ionas cumas cumarsáide sa Ghaeilge a chur chun cinn ‘de réir a n-acmhainne i dtreo is go mbeidh ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol dátheangach’, ([www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)). Nuair a shroicheann na daltaí chomh fada leis an tsraith shinsearach tá sé mar aidhm go ndéanfaí ‘buanú’, ‘doimhniú’ agus ‘forbairt’ tuilleadh ar scileanna gabhchumais agus ginchumais na ndaltaí sa Ghaeilge, arís ‘de réir a n-acmhainne’, ([www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)). Cuirtear béim faoi leith ‘ar an gcumarsáid mar chuspóir teagaisc’.

Is éard a bhí an taighdeoir ag súil le baint amach le bunú Chlub Ghaeilge sa scoil ina bhfuil sí ag múineadh ná deiseanna réalaíocha a thabhairt do na daltaí a gcuid Gaeilge a chleachtadh i dtimpeallacht thaitneamhach, áit nach raibh béim ar cheachtanna ná ar an dteagasc foirmeálta, ach áit ina bhféadfadh na daltaí am a chaitheamh go sóisialta lena chéile, i mbun cumarsáide tríd an sprioctheanga agus ‘meon dearfa i leith na teanga a chothú’, ([www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)), dá bharr.

Bhíothas dóchasach sular tosaíodh ar an dtionscadal go n-éireadh leis an dtaighdeoir a cuid spriocanna sin a bhaint amach. Bhí amanna ann i rith an tionscadail, áfach agus síleadh gur ag snámh in aghaidh easa a bhíothar de bharr cúrsaí tinrimh an Chlub Ghaeilge a bheith chomh híseal sin go minic. Pléifear go díreach conas mar a d’éirigh leis an dtionscadal ar deireadh i gcaibidil a ceathair.

### **Caibidil 3: Na Modheolaíochtaí Taighde**



## Caibidil 3: Na Modheolaíochtaí Taighde

### 3.0. Réamhrá

Go simplí, is ionann ‘taighde’ agus na hiarrachtaí a dhéantar chun freagraí a fháil ar cheisteanna, (Dörnyei, 2007:15). Deir McKay (2006:1) gurb é ceann do na cúiseanna is mó a thugann múinteoirí faoi thaighde a dhéanamh ná chun forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh mar mhúinteoirí éifeachtacha trí léargais nua a thabhairt ar na próisis mhúinte agus foghlama. Ag tacú leis an ndearcadh sin, deir Dörnyei (2007:16) nach ndéantar taighde ar mhaithe le taighde a dhéanamh, ach chun eolas a ghiniúint, a chabhróidh linn breis tuisceana a fháil. Ní hamháin go dtugann an próiseas taighde torthaí léiritheacha dúinn, ach is féidir leis an bpróiseas taighde a bheith ar cheann de na bealaí is éifeachtaí i bhforbairt ghairmiúil an duine, agus a rachaidh chun tairbhe do dhaoine eile chomh maith, ‘by fulfilling humans’ curiosity and desire for knowledge, fostering further research, and solving problems’ (Ogden, 2008:59-60). Is de bharr fhiosracht an taighdeora seo maidir le dearcadh diúltach agus drogall ar go leor daltaí i leith fhoghlaim na Gaeilge sa scoil ina bhfuil sí ag múineadh a spreag ábhar an taighde seo. D’aithin an taighdeoir go raibh an dearcadh diúltach sin le sonrú go forleathan i measc daltaí scoile dara leibhéal i gcoitinne, (Little, 2003, ESRI, 2004,2006). Theastaigh ón taighdeoir a fháil amach an bhféadfadh teacht le chéile siamsúil i bhfoirm Chlub Gaeilge a bhunú sa scoil tionchar dearfach a imirt ar mheon na ndaltaí i leith na Gaeilge.

Is cur chuige léirmhínteach is iondúil a bhíonn i gceist leis an modh taighde cáilíochtúil agus is amhlaidh atá i gceist i dtaiscéaladh ábhar an taighde seo chomh maith. Oireann an cur chuige léirmhínteach don taighde cáilíochtúil chun tuiscint a fháil ar shonraí nach féidir a thomhais ná a mheas chomh soiléir sin ar bhonn cainníochtúil. Baineann braistint an taighdeora go dlúth le cíoradh sonraí níos éifeachtaí ná iarrachtaí modhanna coincreíte de réir athróg agus cainníochtú sonraí a úsáid chun tuiscint a fháil ar an ábhar atá faoi thaighde, ‘The key is *understanding*. What understandings do the people we are talking to have about the world, and how can we in turn understand these?’, (Thomas, 2009:75). Baintear úsáid as modhanna cosúil leis an mbreathnóireacht neamhstruchtúrtha, dialann mhachnamhach an taighdeora, ceistneoirí agus grúpa fócais, modhanna atá solúbtha ar féidir a chur in oiriúint de réir mar is gá leo i gcaitheamh an taighde.

Le bheith i do thaighdeoir maith, maíonn Dörnyei go bhfuil ceithre bhunthréith de dhíth ag ar an dtaighdeoir a chabhróidh leis/léi na spriocanna a bhaint amach: fiosracht dhílis don ábhar taighde, go leor gnáthchéille, smaointe maithe agus comhcheangal cumais idir disciplín, iontaofacht agus freagracht shóisialta, (Dörnyei, 2007:16-17).

### **3.1 Na modhanna taighde**

Is é an taighde cáilíochtúil a bheidh in úsáid sa mhiontráchtas seo. Baineann an taighde cáilíochtúil le tuiscint a fháil ar pheirspictíochtaí nó ar dhearcadh nó ar thaithí an duine sa saol, seachas ar an mbéim a chur ar fhíricí agus ar staitisticí, (an modh cainníochtúil), (Bell, 2005; Dörnyei, 2007; Given, 2008). Bíonn níos mó saoirse agus solúbthachta ag baint leis an modh cáilíochtúil i gcomparáid leis an modh cainníochtúil, de bharr gur féidir treo an taighde a chur in oiriúint ag brath ar an eolas a thagann chun cinn i rith an phróisis iniúchta, (Dörnyei, 2007:39-40). Ceann do na míbhuntáistí a bhaineann leis an modh cáilíochtúil, a phléann Yates (2003:224), ná an baol atá a bheith ag iarraidh sonraí gan dealramh a tharraingt as aiseolas a bhaintear ó ghrúpa fócais. De bharr gur grúpa chomh beag a bhíonn i gceist le grúpa fócais de ghnáth, molann Yates gan an iomarca ginearálaithe a dhéanamh ar an eolas a thagann chun cinn. Níor mhór don taighdeoir a bheith airdeallach faoi sin nuair a bheidh anailísiú ar aiseolas na ndaltaí ar siúl.

### **3.2 Dialann mhachnamhach an taighdeora**

Glactar leis go forleathan, (féach Gall, Gall agus Borg, 2007; Smith-Sullivan, 2008; Thomas, 2009; Kincheloe, 2012) gur uirlis thar a bheith luachmhar atá sa dialann mhachnamhach mar mhodh taighde cáilíochtúil i réimse na n-eolaíochtaí sóisialta ar mhaithe le tathag agus téagar saibhir a bhaint as an dtaighde go comhthéacsach, ‘As teachers keep track of their practices, understandings, research strategies, and research interpretations, their ability to act on their reflections is enhanced’ (Kincheloe, 2012:136). Dar le Kincheloe, spreagann a leithéid de chleachtas próiseas meitea-anailíseach ina mbíonn an múinteoir ag machnamh faoin machnamh atá ar bun aige/aici. Is amhlaidh a bhíonn ar siúl ag an múinteoir nuair atá sé/sí ag feidhmiú mar thaighdeoir. Scríobhtar an dialann mhachnamhach sa chéad phearsa go croineolaíoch i rith na tréimhse taighde, agus tugtar léargas ar thuairimí, ar mheon, ar mhachnamh agus ar fhéinbhreathnú an taighdeora i rith an phróisis inti. Moltar iontráil a chur sa dialann mhachnamhach chomh luath agus is féidir ionas nach gcailltear sonraí tábhachtacha a tugadh faoi deara le linn an phróisis breathnóireachta (Groenewald, 2008:505-506), a bhféadfaí dearmad a dhéanamh orthu thar am, go mórmhór nuair a mhaireann an taighde thar thréimhse fhada. Dar le Groenewald, cuireann na hiontrálacha sin go mór le hinchreidteacht na sonraí agus na hanailíse. Bíonn ról lárnach ag an dtaighdeoir mar rannpháirtí breathnóireachta sa taighde dá bharr. Ní hamháin gur acmhainn luachmhar í an dialann mhachnamhach chun cuntas a choimeád ar imeachtaí a thiteann amach a bhaineann leis an taighde, ach is áis iontach í chun tarraingt ar bhraistint agus ar mheon an taighdeora ag aon am ar leith le linn an taighde a bheith ar siúl chomh maith. De bharr go mbeadh an Club Gaeilge ar siúl uair sa tseachtain thar

thréimhse na scoilbhliana, bheartaigh an taighdeoir go mbeadh sé fiúntach dialann mhachnamhach rialta a choimeád faoi imeachtaí an Chlub Ghaeilge. Tugann na hiontrálacha atá bailithe sa dialann mhachnamhach scóip don taighdeoir tuilleadh meitea-anailísithe a dhéanamh agus conclúidí a tharraingt nó treoir a thabhairt faoin dtreo ar cheart a leanúint leis an dtaighde.

### 3.3 Ceistneoirí

Tá ceistneoirí an-úsáideach ar mhaithe le heolas a bhailiú go tapaidh, go mórmhór nuair nach bhfuil an deis ann na rannpháirtithe go léir a chur faoi agallamh, (Cohen, Manion agus Morrison, 2007; Roberts agus Copping, 2008). Is féidir leas a bhaint as ceistneoirí ar bhonn cainníochtúil nó cáilíochtúil ag brath ar dhearadh na gceisteanna. De bharr gur taighde cáilíochtúil atá faoi réir anseo ina bhfuil suim ar leith á cur i meon agus i dtuairimí éagsúla rannpháirtithe chun a n-eispéireas faoin gClub Gaeilge a mheas, is ceistneoir cáilíochtúil a bheidh á ullmhú don taighde seo. Is ionann é sin is a rá gur ceisteanna oscailte a dhearfad le saoirse a thabhairt do na rannpháirtithe a dtuairimí féin a chur in iúl ina bhfocail féin. Is féidir saibhreas ar leith a bhaint as torthaí ceistneoirí ach níl úsáid ceistneoirí gan a cuid dúshlán. Is féidir leo a bheith teoranta ó thaobh dhoimhneacht an eolais ar féidir a bhailiú astu (Lawson agus Philpott, 2008) agus mar sin bíonn gá le modhanna taighde breise a thabhairt san áireamh chun léargas níos cuimsithí a fháil ar thorthaí an ábhair taighde. Caithfear dul i muinín na rannpháirtithe na ceistneoirí a chomhlánú go hionraic agus go sonrath agus go bhfillfear iad chuig an taighdeoir roimh an spriocdháta. Ní mór go mbeadh na ceisteanna intuigthe agus molann Blaxter *et al.* (2001, luaite i Roberts agus Copping, 2008:94:95) gan ceisteanna oscailte a chur iontu a thógfadh an iomarca ama le freagairt. Ba cheart go mbeadh an raon teanga a d'úsáidfí sna ceisteanna in oiriúint do na rannpháirtithe cuí, go mórmhór maidir le suim na rannpháirtithe a spreagadh i gcomhlánú an cheistneora, (Julien, 2008:846-849). Bheartaigh an taighdeoir go bhféadfadh na rannpháirtithe na ceistneoirí a chomhlánú ina n-am féin, seachas i rith am scoile, rud a bheadh casta le heagrú de bharr líon na rannpháirtithe, 55 díobh, ó bhliainghrúpaí éagsúla a bhí i gceist.

Anuas air sin, beartaíodh gurbh fhearr go gcomhlánfaí na ceistneoirí sa bhaile ionas go bhféadfadh tuismitheoirí na rannpháirtithe na ceistneoirí a shíniú mar chomhartha ceada páirt a ghlacadh sa taighde. Seoladh litir mhínithe dhátheangach abhaile leis na daltaí, maidir le spriocanna an taighde, iniata leis na ceistneoirí. Míníodh do na daltaí go léir chomh tábhachtach is a bheadh sé don taighdeoir seo dá gcomhlánfaí na ceistneoirí nuair a dáileadh na ceistneoirí orthu. Pléifear torthaí na gceistneoirí sa chéad chaibidil eile.

### 3.4 An grúpa fócais

Féachtar ar an ngrúpa fócais go fabharach mar mhodh taighde cáilíochtúil inar féidir leis an dtaighdeoir eolas grinn ar leibhéal níos saibhre agus níos doimhne a ghiniúint in achar ama réasúnta gearr. Plé atá i gceist ina dtugtar deis do na rannpháirtithe a gcuid tuairimí a léiriú i mbealach bríoch agus níl iachall ar bith ar na rannpháirtithe teacht ar chomhréiteach faoin ábhar pléite faoi dheireadh an phróisis. Grúpa beag idir ceathrar agus dáréag a mholann Morgan (1988:43, luaite i Cohen, Manion agus Morrison, 2007), ina leagtar béim ar pháirt ghníomhach gach rannpháirtí sa ghrúpa fócais maidir lena dtuairimí a chur in iúl. Is féidir le tosca ar leith tionchar a imirt ar conas a reáchtáiltear an grúpa fócais, ar bhonn struchtúrtha nó leathstruchtúrtha, ar mhaithe le cead cainte a thabhairt do gach duine agus go gcloítear leis an dtopaic ar leith atá mar ábhar plé an taighde laistigh den achar ama atá leagtha síos. Pléann Morgan (2008:352-354) an tábhacht a bhaineann le comhdhéanamh an ghrúpa fócais. Imríonn dinimic an ghrúpa tionchar lárnach ar rath an eolais a ghintear ann. Níor mhiste tréithe sciliúla bainistíochta a bheith ag an dtaighdeoir chun na freagrachtaí atá air/uirthi i rith an phróisis seo a éascú chun atmaisféar compordach cairdiúil a chothú i measc na rannpháirtithe agus iad a spreagadh chun cainte, ach ag cinntiú nach nglacann aon duine ar leith sa ghrúpa ceannasaíocht ar an méid cainte a bhíonn ar siúl ach an oiread. Ní mór don taighdeoir a bheith airdeallach ar na tosca sin go léir, chomh maith le bheith ag éisteacht go gníomhach leis na tuairimí go léir a nochtar, súil a choimeád ar chúrsaí ama agus ar an dteicneolaíocht atáthar ag baint úsáide aisti chun taifead a dhéanamh ar an bplé. Tá comhdhéanamh an ghrúpa fócais maidir le roghnú na rannpháirtithe thar a bheith tábhachtach, ag cinntiú go bhfuil rannpháirtithe sásta a gcuid tuairimí a chur in iúl, ach molann Morgan gan faillí a dhéanamh sa chineál ceisteanna a ullmhaítear don ghrúpa fócais; ‘...making appropriate choices about group composition will be of little value if the research design does not include equally good choices about the interview questions.’ (Morgan, 2008:354).

Bheartaigh an taighdeoir na ceisteanna a bhí le hullmhú don ghrúpa fócais a bhunú ar an eolas a tháinig ar ais ó na ceistneoirí comhlánaithe. Thabharfadh freagraí na gceistneoirí deis don taighdeoir díriú ar cheisteanna áirithe d’fhonn tuilleadh soiléirithe a lorg. Maidir le dearadh na gceisteanna don ghrúpa fócais, mar aon leis na ceistneoirí, bhí sé tábhachtach ceisteanna oscailte a ullmhú chun saoirse a thabhairt do na rannpháirtithe a dtuairimí a chur in iúl agus chun ionracas sna freagraí a spreagadh. Is féidir le grúpa fócais lear mór eolais a ghiniúint ach is féidir leis an líon eolais sin a bheith iomarcach don réimse taighde atá i gceist. Maidir leis an bpróiseas anailísithe, molann Morgan díriú ar na ceisteanna a spreagann an méid is mó cainte ón líon is mó rannpháirtithe toisc go léiríonn an t-ionchur

sin an raon suime atá acu féin i gceisteanna ar leith agus gur féidir leis an dtaighdeoir torthaí níos fiúntaí a tharraingt as an eolas sin dá bharr, (Morgan, 2008:354). Seachtar daltaí a ghlac páirt i ngrúpa fócais an taighdeora agus pléifear comhdhéanamh an ghrúpa agus torthaí an ghrúpa fócais sin sa chéad chaibidil eile.

### **3.5 Eiticí**

Ní mór toiliú feasach a fháil ó na rannpháirtithe a bheidh ag glacadh páirte sa taighde sula nglacann siad páirt sa phróiseas. Is éard atá i gceist le ‘toiliú feasach’ ná go dtuigfeadh na rannpháirtithe go soiléir céard go díreach is ábhar don taighde, aidhmeanna agus spriocanna an taighde, na modhanna taighde a mbainfear úsáid astu agus aon eolas eile a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar chinneadh an rannpháirtí páirt a ghlacadh ann nó a mhalairt. Ní mór go mbeadh an rannpháirtí go hiomlán toilteanach páirt a ghlacadh sa taighde agus go mbeadh saoirse iomlán aige/aici tarraingt siar as an bpróiseas am ar bith ar mhian leis/léi. Maíonn Fine agus Sandstrom (1988) luaite i Cohen, Manion agus Morrison (2007) nár cheart aon impleachtaí diúltacha a bheith roimhe/roimpi sa chás go dtarraingíonn sé/sí siar as an bpróiseas agus nár cheart aon chuid d’ionchur an rannpháirtí sin a úsáid mar ghné den taighde ina dhiaidh sin. Tá freagrachtaí breise ar an dtaighdeoir dár ndóigh nuair atá mionaoisigh faoi ocht mbliana déag d’aois i gceist. Ní hamháin, a deir Cohen, Manion agus Morrison (2007:54), gur chóir cead a lorg ó na húdaráis chúí, ar nós tuismitheoirí, údarás scoile agus mar sin de, ach ní mór cead a lorg ó na mionaoisigh iad féin chomh maith.

Is gné riachtanach den taighde í gan a bheith in ann na rannpháirtithe atá ag glacadh páirte sa taighde a aithint, ar mhaithe le príobháideacht agus sábháilteacht na rannpháirtithe a chinntiú, (Cohen, Manion agus Morrison, 2007; Ogden, 2008). Tá cúrsaí rúndachta leagtha síos mar bhunphrionsabal cód eitice agus cleachtais an taighde agus is sárú tromchúiseach é gan a bheith in ann rúndacht na rannpháirtithe a chinntiú. Ní hamháin go gcosnaíonn a leithéid de phrionsabal aitheantas rannpháirtithe an taighde, ach cuireann sé go mór le caighdeán agus bailíocht ábhar sonraí an taighde chomh maith dar le Ogden (2008:111).

D’fhonn an cód eitice agus cleachtais don taighde a chomhlíonadh, chuir an taighdeoir litir eolais faoi bhráid bhord bainistíochta na scoile inar mhínigh sí aidhmeanna an taighde i dtús báire. Míníodh go lorgófaí cead ó na tuismitheoirí cuí ag an bpointe go mbeadh na ceistneoirí agus an grúpa fócais á reáchtáil mar chuid den taighde. Cuireadh litir thoilithe abhaile chuig tuismitheoirí sula ndeachaigh na daltaí ar thuras an Chlub Gaeilge go dtí an Ghaeltacht, agus cuireadh litir thoilithe abhaile chucu chomh maith ag míniú ábhar an

taighde agus ag lorg ceada chun na ceistneoirí a chomhlánú agus an grúpa fócais a reáchtáil.

### **3.6 Claontacht**

Is ceist í an chlaontacht ar chóir go mbeadh an taighdeoir go hiomlán feasach uirthi agus é/í i mbun an taighde. Bíonn rian na claontachta ag gabháil le hábhar taighde ar bith, dar le Ogden (2008:60-61) agus Thomas (2009:75-76), de bharr chomh suibiachtúil is atá an taighde cáilíochtúil ar an gcéad dul síos. Dar leo, bíonn an chlaontacht le sonrú chomh luath is a roghnaíonn an taighdeoir ábhar taighde áirithe thar ceann eile agus go mbíonn go leor de rogha an ábhair bunaithe ar an domhan sóisialta ina maireann sé/sí agus ar na luachanna atá aige/aici agus go bhfuil sé amháil is dodhéanta an chlaontacht a sheachaint dá bharr. Is féidir glacadh le méid áirithe claontachta sa taighde chomh fada agus go léiríonn an taighdeoir go féinfheasach go bhféadfadh a leithéid a bheith ag imirt tionchair ar threo agus ar thorthaí an taighde; ‘...you should use it, but in using it you should also be fully aware of it and acknowledge it – aware that it is likely to be affecting your interpretation in particular ways’ (Thomas, 2009:76). Molann Ogden (2008:60-61) go mbeadh an taighdeoir oscailte do léirmhíniú eile a fháil ar thorthaí an taighde agus sonraí contráilte a lorg chomh maith, más féidir, chun dul i ngleic leis an gclaontacht. Sa chomhthéacs sin, b’éigean don taighdeoir seo machnamh a dhéanamh ar a cúlra féin agus ar an domhan sóisialta as a dtagann sí, go mórmhór mar a bhaineann sé lena meon agus lena taithí féin mar fhoghlaiméoir Gaeilge le hais chúinsí na rannpháirtithe a ghlac páirt sa taighde. Aontaíonn Miller (2008:572-573) gur annamh gur féidir taighde iomlán oibiachtúil a bhaint amach nuair is taighde cáilíochtúil sna heolaíochtaí sóisialta atá idir lámha, ach maíonn sé go bhfuil an chlaontacht nó an suibiachtúlacht inchreidte agus inghlactha chomh fada agus go bhfuil ionracas an taighdeora le sonrú tríd an bpróiseas go trédhearcach agus fiú gur féidir torthaí thar a bheith luachmhara a bhaint amach de bharr na suibiachtúlachta sin; ‘...is valid in that it offers meaning, lends insight, and in some cases leads to socially responsible action.’ (Miller, 2008:573).

Gan amhras, bhí an taighdeoir ag súil go n-éireadh léi torthaí dearfacha a bhaint amach leis an dtaighde áirithe seo, ach aithníodh ag an am céanna go raibh sé i bhfad ní ba thábhachtaí don taighdeoir go mbainfeadh oscailteacht agus trédhearcacht le gach gné dá taighde, fiú más torthaí diúltacha a bhí le sonrú, ionas go bhféadfaí a bheith in ann brath air mar fhoinsé iontaofa staidéir amach anseo.

## **Caibidil 4: Torthaí, Anailís agus Plé**

## Caibidil 4: Torthaí, Anailís agus Plé

### 4.0 An comhthéacs scoile

Tá an taighdeoir ag múineadh Gaeilge i meánscoil chathrach Bhéarla. Is múinteoir Gaeilge í go príomha agus is cainteoir T2 Gaeilge í. Tá os cionn seacht gcéad caoga dalta, idir bhuachaillí agus chailíní ag freastal ar an scoil. Cuirtear réimse leathan ábhair scoile agus iliomad imeachtaí seach-churaclaim ar fáil do na daltaí. Tá stádas DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh) ag an scoil. Is ionann é sin is a rá go bhfuil plean gnímh i gcuimsiú oideachais de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna i bhfeidhm ag an scoil chun ‘aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste’ ([www.education.ie](http://www.education.ie)). Is scoil ilchultúrtha í a bhfuil daltaí de bhunadh os cionn tríocha náisiúntacht éagsúil ó dhúchas ag freastal uirthi.

Tá líon ard cainteoirí Gaeilge T1 agus T2 ar fhoireann na scoile, idir mhúinteoirí Gaeilge, mhúinteoirí ábhair eile agus fhoireann choimhdeach agus bhainistíocht na scoile. Cloistear an Ghaeilge á labhairt go laethúil agus go nádúrtha sa timpeallacht scoile dá bharr. Tá comharthaíocht iomlán thimpeallacht na scoile i nGaeilge amháin.

#### 4.0.1 Leagan amach an Chlub Ghaeilge

Reáchtáil an taighdeoir an Club Gaeilge uair sa tseachtain, i rith am lóin, ar feadh tréimhse 45 nóiméad. De bharr nach bhfuil a seomra ranga féin ag an dtaighdeoir sa scoil, cuireadh seomra ranga ar fáil don Club Gaeilge. Cuireadh tús leis an gcéad seisiún den Club Gaeilge ag tús mhí na Samhna 2012 agus lean sé ar aghaidh go dtí lár mhí Aibreáin 2013.

Bhí rolla in úsáid ag an dtaighdeoir agus shíníodh gach dalta an rolla nuair a d’fhreastalóidís ar an gClub Gaeilge. Bhí an rolla thar a bheith úsáideach don taighdeoir le cuntas a choimeád ar na daltaí ó thaobh chúrsaí tinrimh de, agus ó thaobh na mbliainghrúpaí éagsúla as a raibh na daltaí ag teacht, san iarracht treocht éigin a mheas ó na sonraí sin maidir leis an dtreo a raibh an Club Gaeilge ag dul. Bronnadh bandaí caol láimhe, leis an lógó ‘Is féidir linn!’ agus ‘Gaeilge’ scríofa orthu, ar gach dalta a d’fhreastail ar an gClub Gaeilge den chéad uair, rud a thaitin leo go mór, agus bhí neart duaiseanna ar fáil chomh maith mar ábhar spreagtha chuig an gClub.

Imríodh cluichí éagsúla i rith na seisiún agus cuireadh leabhair ar fáil chomh maith le léamh. Ina theannta sin, baineadh leas as an dteicneolaíocht agus as an dtrealamh ranga chun cláir theilifíse agus físeáin i nGaeilge ó leithéidí TG4, YouTube agus eile, a thaispeáint. Reáchtáladh seisiún bÁCála trí Ghaeilge agus eagraíodh turas go dtí scoil Ghaeltachta, áit ar cuireadh siamsaíocht Ghaelach i láthair do na daltaí.



#### **4.0.2 Fógraíocht don Chlub Gaeilge**

Cuireadh fógraí móra ildaite agus lannaithe, ag fógairt an Chlub Ghaeilge, ar crochadh ar chláir fógraí ar fud na scoile. Iarradh ar na múinteoirí Gaeilge sa scoil a raibh a gcuid seomraí ranga féin acu, póstaer faoin gClub Gaeilge a chur ar crochadh ina gcuid seomraí siúd. Rinne an taighdeoir poiblíocht bhéil faoin gClub Gaeilge ag tionóil sheachtainiúla na mbliainghrúpaí éagsúla i gcaitheamh na bliana, agus iarradh ar na múinteoirí Gaeilge eile an Club Gaeilge a chur i gcuimhne dá ndaltaí féin chomh minic agus a b'fhéidir leo. Baineadh leas as fógraí scrollaithe a chur in airde ar an gclár fógraí leictreonach atá suite ar phríomhphasáiste na scoile, ag meabhrú faoin gClub Gaeilge go rialta chomh maith.

#### **4.0.3 CLIL – Seisiún bácála**

Eagraíodh seisiún bácála don Chlub Gaeilge, i gcomhar leis an múinteoir eacnamaíocht bhaile sa dara téarma. Cainteoir T1 Gaeilge a bhí sa mhúinteoir eacnamaíocht bhaile. D'ullmhaigh sise na comhábhair go léir a bheadh ag teastáil do na daltaí do na cistíní cupa a bheadh le bácáil acu. D'aistrigh sí an t-oidéas go Gaeilge, chomh maith leis an gcur chuige bácála, a bhí leagtha amach go céimnitheach, le treoracha simplí físiúla. Bhí cóip lannaithe den oidéas ag gach bord, agus bhí na comhábhair go léir leagtha amach roimh ré ionas go bhféadfadh na daltaí tosú ag bácáil gan mhoill. Bhí beirt daltaí ag obair le chéile ag gach bord. Aon dalta dhéag, cailíní ar fad ón gcéad bhliain agus ón dara bliain, a d'fhreastail ar an seisiún áirithe seo.

#### **4.0.4 Cluichí**

Reáchtáladh réimse imeachtaí éagsúla idirghníomhacha, ar nós cluichí Scrabble©, cluichí cártaí, biongó, crosfhocail, focail chuardaigh agus cluichí éagsúla tomhais, sna seisiúin. Ba iad na cluichí Scrabble© agus biongó na cluichí ba mhinice a raibh tóir orthu. Ba iad na daltaí sinsearacha is mó a léirigh spéis sa Scrabble© agus na daltaí sóisearacha a léirigh spéis sa bhiongó. Bhí réimse leathan cluichí cumarsáideacha ar intinn ag an dtaighdeoir go n-imreofaí sa Chlub Gaeilge ach bhíothas srianta maidir len iad a imirt de bharr cúrsaí neamhrialta tinrimh na ndaltaí ó sheachtain go seachtain.

#### **4.0.5 Turas an Chlub Ghaeilge go dtí an Ghaeltacht**

Eagraíodh turas amach go dtí meánscoil Ghaeltachta ag tús an dara téarma, áit go raibh cuireadh faighte ag an gClub Gaeilge freastal a dhéanamh ar léiriú dráma agus seó puipéad, chomh maith le taispeántas ceol Gaelach, amhránaíocht agus damhsa ar an sean-nós ina measc, ó dhaltaí na scoile sin. Bhí sé mar choinníoll de chuid an cheada dul ar an dturas go bhfreastalódh na daltaí ar sheisiún de chuid an Chlub Ghaeilge an tseachtain roimhe, chomh maith le cead tuismitheora a fháil, dar ndóigh. Ocht ndalta is fiche a

chuaigh ar thuras an Chlub Ghaeilge in éineacht leis an dtaighdeoir; ceathrar déag ón gClub Gaeilge agus ceathrar déag eile ón ngrúpa TSCS (Teastas Sóisearach – Clár Scoile). Reáchtáladh an turas i gcomhar leis an gclár TSCS de bharr go raibh ciste curtha ar fáil don chlár sin a chlúdódh costas an turais amach go dtí an Ghaeltacht, laistigh de théarmaí tagartha an chláir sin, (féach <http://jcsp.slss.ie/irish.html>), rud a chiallódh nach mbeadh aon iachall ar na daltaí íoc as an dturas. Bhí meascán leathan ann i dtaobh chumas Ghaeilge na ndaltaí sin, idir dhaltaí Ardteiste, Ardleibhéal Gaeilge, agus dhaltaí le fíorbheagán Gaeilge. Stopadh ag siopa áitiúil i sráidbhaile Gaeltachta ar an mbealach ar ais chuig an scoil, chun sólaistí a cheannach agus deis a thabhairt do na daltaí úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge i dtimpeallacht nádúrtha.

#### **4.1 An dialann mhachnamhach**

Bhain an taighdeoir úsáid as dialann mhachnamhach chun cuntas seachtainiúil a choimeád ar chonas mar a bhí ag éirí le himeachtaí an Chlub Ghaeilge i gcaitheamh na bliana agus chun na tosca go léir a bhí ag imirt tionchair air, trí shúile an taighdeora, a mheas. Is i bhfoirm blag ar líne a bhí an dialann mhachnamhach á coimeád agus tá rochtain uirthi ag an nasc seo a leanas:

<http://muinteoirgaeilge1411.wordpress.com/category/dialann-mhachnamhach/>

Sheas tosca áirithe amach thar cinn eile go minic i rith reáchtáil an Chlub Ghaeilge i rith na bliana agus pléifear na tosca sin ceann i ndiaidh a chéile anseo.

##### **4.1.1 Comhoibriú foirne**

Léiríodh an-suim i mbunú an Chlub Ghaeilge i measc na múinteoirí Gaeilge ag tús an tionscadail seo. Bíonn seisear múinteoirí ón bhfoireann múinteoireachta ag plé le múineadh na Gaeilge mar ábhar agus tá roinnt múinteoirí eile ar an bhfoireann ina gcainteoirí Gaeilge chomh maith. Léirigh múinteoir amháin go leor tacaíochta ag tús an tionscadail, ag cur moltaí chun cinn faoi na féidearthachtaí a d'fhéadfaí a fhorbairt ó thaobh imeachtaí agus comórtais a reáchtáil. Thairg roinnt múinteoirí eile cabhair maidir le rith an Chlub Ghaeilge, ach, b'ábhar díomá é don taighdeoir, mar sin féin, a laghad tacaíocht phraiticiúil a tugadh don Chlub Gaeilge ar deireadh. Bhí beirt mhúinteoirí Gaeilge ag reáchtáil an Chlub Ghaeilge nuair a bhí an taighdeoir as láthair ón scoil ar feadh lá amháin, ach taobh amuigh de sin, is beag cabhrach eile a tugadh. In ainneoin iarratas rialta a bheith déanta chuig na múinteoirí Gaeilge an Club Gaeilge a chur in iúl agus a mholadh dá gcuid daltaí féin, is ní ba mhinice ná a mhalairt nach ndearnadh é sin. Nuair a fiafraíodh do na múinteoirí Gaeilge faoi seo admháíodh go ndearnadh dearmad go minic faoi, de bharr a bheith chomh gnóthach le hiliomad cúrsaí eile (féach dialann mhachnamhach, 2 Márta &

10 Aibreán 2013). Cuireadh méid áirithe tacaíochta ar fáil maidir leis an seisiún bÁCála (CLIL). Chuir an múinteoir eacnamaíocht bhaile an seomra cócaireachta, leagan Gaeilge de na hoidis agus na comhábhair ar fáil, ach, de dheasca cúise do-sheachanta eile a tharla ar an lá, ní raibh sí in ann a bheith i láthair do réachtáil an tseisiúin bÁCála. Chuir sé sin an-chuid brú ar an dtaighdeoir de bharr nach raibh cur amach aici ar an seomra cócaireachta, ná taithí aici ar an mbÁCáil, (féach dialann mhachnamhach, 21 Márta 2013).

#### **4.1.2 Cúrsaí tinrimh an Chlub Ghaeilge**

Bhí an taighdeoir ag súil go bhfreastalódh deichniúr daltaí, ar a laghad, ar an gcéad sheisiún den Chlub Gaeilge i bhfianaise an oiread poiblíochta a rinneadh i rith na trí seachtaine roimhe sin, agus go bhfásfadh an tinreamh de réir a chéile ó sheachtain go seachtain ansin. Seisear daltaí a d'fhreastail ar an gcéad sheisiún. D'fhreastail caoga cúig dalta ar an gClub Gaeilge ar an iomlán, cuid acu ní ba mhinice ná a chéile. Reáchtáladh seacht seisiún déag ar fad i gcaitheamh na bliana agus bhí ochtar daltaí ar an líon meánach daltaí a d'fhreastail ar na seisiúin. D'fhreastail an líon is airde daltaí, ochtar déag díobh, ar an gClub Gaeilge sa dara téarma, an tseachtain díreach roimh an turas go dtí an Ghaeltacht.

B'ábhar díomá don taighdeoir a laghad daltaí a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge, i bhfianaise chomh mór is a bhí an scoil (750 dalta). Níl aon amhras ach gur bhain na daltaí a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge taitneamh agus spraoi as nuair a bhíodar i láthair, ó thaithí bhreathnóireachta an taighdeora agus ó na ceistneoirí agus ón ngrúpa fócais. Mar sin féin, tharla sé ní ba mhinice ná a mhalairt nach dtiocfadh aon duine isteach go dtí an Club i rith an chéad fiche nó tríocha nóiméad den seisiún. Is féidir glacadh leis go raibh na daltaí ag iarraidh a gcuid lóin a ithe i dteannta a gcairde agus am a chaitheamh leo chun scéith a ligint tar éis ranganna na maidine roimh aghaidh a thabhairt ar an gClub Gaeilge. Anuas air sin, bhí an Club Gaeilge in iomaíocht leis an oiread imeachtaí seach-churaclaim eile a bhí ar siúl sa scoil i rith am lóin.

B'ábhar dóchais don taighdeoir go raibh leanúnachas éigin ann maidir le roinnt daltaí a bhí ag freastal ar an gClub Gaeilge sách rialta. D'fhreastail dalta amháin ar dhá sheisiún déag ar fad, nó 71% de líon na seisiún a reáchtáladh. Ag tógáil an líon uaireanta meánach san áireamh maidir leis na daltaí céanna a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge, áfach, laghdaigh an céatadán sin go suntasach go dtí dhá sheisiún ar fad, nó 12%. Ní nach ionadh gur fhreastail an líon is airde daltaí (18) ar an seisiún a reáchtáladh an tseachtain díreach roimh an turas go dtí an Ghaeltacht, agus é mar choinníoll imeachta ar an dturas go bhfreastalódh na daltaí ar an gClub Gaeilge roimh ré, (dialann mhachnamhach, 16 Eanáir 2013). Tugadh faoi deara chomh maith go raibh cúrsaí tinrimh íseal go minic an chéad tseachtain ar ais ar scoil

tar éis an bhriseadh téarma, agus gur mhinic a d'imir dea-aimsir drochthionchar ar líon na ndaltaí a bhí ag freastal ar an gClub Gaeilge, (féach dialann mhachnamhach, 10 Aibreán 2013).

Beartaíodh deireadh a chur leis an gClub Gaeilge ag deireadh mhí Aibreáin de bharr go raibh an scrúdú béil Ardteiste thart faoin am sin agus bhí formhór de na himeachtaí eile seach-churaclaim ag teacht chun críche i dtreo dheireadh na scoilbhliana. Críochnaíodh leis an gClub Gaeilge seachtain ní ba luaithe ná mar a bhí beartaithe, áfach, de bharr nár fhreastail duine ar bith ar an seisiún sin, (dialann mhachnamhach, 24 Aibreán 2013).

#### **4.1.3 Brú ama**

Bhí an brú ama ar cheann de na tosca is mó a d'imir tionchar ar raon na n-imeachtaí agus na gníomhaíochtaí ar éirigh leis an dtaighdeoir a eagrú. Thuig an taighdeoir nach eisceacht í an brú ama ná an easpa ama a bhí uirthi féin mar mhúinteoir. Bíonn brú ama go síoraí ar mhúinteoirí de bharr an oiread sin freagrachtaí éagsúla a bhíonn orthu, idir fhreagrachtaí teagaisc, fhreagrachtaí seach-churaclaim agus neart freagrachtaí eile sa ghnáthshaol scoile, gan trácht ar rudaí eile a thagann aníos gan choinne. Is ag na deireadh seachtainí is fusa do mhúinteoirí a gcuid pleanáil chun cinn a dhéanamh, de ghnáth, seachas i rith na seachtaine nuair a bhíonn an lá scoile féin idir ranganna agus eile idir lámha, (féach dialann mhachnamhach 16 Samhain 2012).

Thuig an taighdeoir nach raibh an raon imeachtaí agus gníomhaíochtaí gur mhaith léi a reáchtáil sa Chlub Gaeilge indéanta i bhfianaise an bhrú ama sin, agus rinneadh suntas faoi leith de leadrán a bheith ar roinnt daltaí a bhíodh ag teacht chuig an gClub go rialta dá bharr. B'ábhar díomá don taighdeoir nár éirigh léi imeacht ar leith a eagrú, ceal ama, mar ócáid cheiliúrtha, a thabharfadh an Club Gaeilge chun críche ag deireadh na scoilbhliana, agus a thabharfadh tuilleadh aitheantais dó don chéad bhliain eile dá bharr, (féach dialann mhachnamhach, 24 Aibreán 2013).

#### **4.1.4 Imeachtaí seach-churaclaim eile**

Bhraith an taighdeoir gur bhain imeachtaí eile seach-churaclaim le drochthinreamh ar an gClub Gaeilge. Cuirtear an-bhéim ar chúrsaí spóirt sa scoil agus imrítear raon an-leathan spóirt foirne, ach go háirithe. D'éirigh go han-mhaith leis na foirne sna comórtais scoileanna éagsúla i gcaitheamh na bliana, rud a chiallaigh go raibh an-chuid daltaí ag freastal ar na cluichí sin mar lucht tacaíochta scoile, nó ag imirt iad féin, (féach dialann mhachnamhach, 9 Eanáir 2013).

#### **4.1.5 Meascadh na ndaltaí as na bliainghrúpaí éagsúla**

Is daltaí sinsearacha a thosaigh amach ag freastal ar an gClub Gaeilge ar dtús. De réir mar a bhí an bhliain ag imeacht tháinig ardú ar líon na ndaltaí sóisearacha a bhí ag freastal air. Dá mhéid a mhéadaigh ar thinreamh na ndaltaí sóisearacha i gcaitheamh na bliana, áfach, tugadh faoi deara gur tháinig laghdú ar líon na ndaltaí sinsearacha a bhíodh ag freastal ar an gClub Gaeilge go rialta. B'ábhar suime an ghné sin don taighdeoir. D'fhiafraigh an taighdeoir de na daltaí sinsearacha faoi agus dúradar gur mar gheall gur daltaí dara bliana a bhí iontu, (dialann mhachnamhach, 23 Samhain 2012 & 2 Márta 2013). Ba léir sna seisiúin nár thaitin sé leis na daltaí sinsearacha a bheith ag meascadh leis na daltaí sóisearacha. Dar ndóigh, bhí éagsúlacht suime ag na daltaí chomh maith sna himeachtaí a bhí ar siúl sa Chlub Gaeilge. Mar a luadh roimhe, b'fhearr leis na daltaí sinsearacha a bheith ag imirt Scrabble© agus ag comhrá lena chéile agus b'fhearr leis na daltaí sóisearacha a bheith ag imirt biongó.

#### **4.1.6 Spreagadh – Duaiseanna**

Cuireadh ionadh ar an dtaighdeoir mar gheall go raibh an oiread tóir ag na daltaí ar na bandaí caol láimhe a bronnadh orthu siúd a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge. Bronnadh neart duaiseanna beaga eile ar na daltaí chomh maith mar aitheantas buachana na gcluichí Scrabble© agus biongó a imríodh, cosúil le pinn, greamáin, lásaí bróg de bhranda TG4. Lá áirithe amháin, thairg múinteoir ar leith ar an bhfoireann barraí beaga seacláide do dhaltaí dara bliana dá bhfreastalóidís ar an gClub Gaeilge in iarracht tuilleadh daltaí a spreagadh chun freastal air. Ochtar a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge an lá sin dá bharr, (féach dialann mhachnamhach, 7 Feabhra 2013). Dar ndóigh, ba iad an dá 'chairéad' is mó a spreag na daltaí chun freastal ar an gClub Gaeilge ná an turas go dtí an Ghaeltacht agus an seisiún bÁCála, (féach dialann mhachnamhach, 16 Eanáir, 7 Feabhra & 21 Márta 2013).

#### **4.1.7 Dul chun cinn sa Ghaeilge**

Roghnaíodh cluichí ar leith a úsáid sa Chlub Gaeilge a chuirfeadh le stór focal agus le cumas úsáide fheidhmeanna teanga a chleachtadh. Bhain na daltaí an-taitneamh as a bheith ag imirt Scrabble©, ag cumadh focail, nó ag iarraidh raon a gcumas foclóra a léiriú le linn na himeartha. Nuair a tosaíodh ag imirt Scrabble© i dtús ama b'fhocail ghairide ba mhó ar éirigh leis na daltaí a chur le chéile ar an gclár. Diaidh ar ndiaidh, áfach, tháinig feabhas ar chumas raon na bhfocal a bhí á gcur síos, go mórmhór nuair a bhí na daltaí ar a seacht ndícheall ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar a chéile. Tugadh faoi deara, freisin go raibh an friotal teanga san idirphlé idir na daltaí ag tarlú ar bhonn níos nádúrtha. Maidir leis an mbiongó, a raibh téama an bhia ar na cártaí i gceist, tosaíodh amach ag imirt le cárta

amháin ag gach dalta, a raibh ocht bpictiúr/focail ar leith ag gabháil dóibh, ach de réir mar a tugadh faoi deara go raibh na focail nua sin foghlamtha ag na daltaí, cuireadh iachall orthu a bheith ag faire ar thrí nó ceithre cárta de phictiúir/focail orthu ag an am céanna, agus an cluiche a imirt ar luas i bhfad ní ba thapúla, rud a spreag níos mó spraoi agus iomaíochas sa chluiche chomh maith. Is díol suntais é gur tugadh aird ar an riail ‘No Béarla’ agus gur bheag Béarla a bhí le cloisint i rith na seisiún. Ba léir go raibh na daltaí lánoscailte do dhul chun cinn a dhéanamh sa Ghaeilge. Bhí leibhéal féinmhuiníne maidir le húsáid na teanga le sonrú i measc na ndaltaí a d’fhreastail ar an gClub Gaeilge go rialta, ach go háirithe. Ba léir dóibh nach gnáthrang Gaeilge a bhí i ceist leis an gClub Gaeilge agus go bhféadfaidís dul i muinín pé Ghaeilge a raibh acu gan aon chúis strus leo. Ag breathnú siar air anois, d’fhéadfadh an taighdeoir iarradh ar na múinteoirí eile sa scoil maidir le haon dul chun cinn sa Ghaeilge a thugadar féin faoi deara i measc a gcuid daltaí, rud nár smaoiníodh air ag an am.

#### **4.1.8 Cluichí – Feidhmeanna teanga á gcleachtadh**

Imríodh cluichí éagsúla a bhain le cleachtadh a dhéanamh ar fheidhmeanna teanga ar leith. Cleachtaíodh an fhoirm cheisteach go minic, leis an gcluiche tomhais ‘Ciontach!’ (féach dialann mhachnamhach, 16 Eanáir 2013), agus cluichí tomhais eile (féach dialann mhachnamhach, 9 Eanáir 2013), chomh maith leis an gcluiche cártaí ‘Go Fish!’ nó ‘Téigh ag iascach!’, (féach dialann mhachnamhach, 10 Aibreán 2013), mar shampla.

Bhain daltaí Ardteiste leas as an gClub Gaeilge chun a gcuid Gaeilge a chleachtadh don scrúdú béil agus iad ag cur ceisteanna agus ag tabhairt freagraí ar a chéile. D’fhan an taighdeoir siar as na comhráite sin ar mhaithe le ní ba mhó féinmhuiníne agus neamhspleáchais a thabhairt do na daltaí sin, ach amháin sa chás gur beartaíodh go raibh gá le ceartúcháin ar leith a dhéanamh maidir le hearráidí móra teanga.

Chabhraigh an cluiche biongó leis na daltaí sóisearacha cleachtadh a dhéanamh ar a gcuid foghraíochta agus cur lena stór focal, (féach dialann mhachnamhach, 7 Feabhra 2013).

#### **4.1.9 Léitheoireacht**

Cuireadh sraith leabhar “Beatha le Bua”, beathaisnéisí gairide ag cur síos ar shaol daoine cáiliúla i ngach réimse den saol, ar fáil le léamh, chun léitheoireacht neamhspleách a spreagadh, agus bhí neart cóipeanna d’fhoclóirí ar fáil sa seomra chomh maith. Is beag suime a léiríodh sna leabhair seo, áfach. Beirt ar fad a d’iarr leabhar agus theastaigh ó na daltaí sin na leabhair a léamh ina gcuid ama féin seachas i rith sheisiún an Chlub Gaeilge. Ba léir don taighdeoir gur chun fonn cumarsáide sa sprioctheanga a bhí na daltaí ag freastal ar an gClub Gaeilge thar aon ní eile.

#### **4.1.10 Turas an Chlub Ghaeilge go dtí an Ghaeltacht**

D'éirigh go han-mhaith le turas an Chlub Ghaeilge go dtí an Ghaeltacht. Bhí atmaisféar sceitimíneach le brath ó na daltaí i rith an turais. Ba léir gur bhaineadar taitneamh as an dtaispeántas drámaíochta agus ceoil i bhfianaise ar chomh dea-mhúinte is a d'iompair na daltaí iad féin i rith an taispeántais uair an chloig, ainneoin go raibh cumas labhartha srianta sa Ghaeilge ag an-chuid acu a d'fhreastail ar an dturas. Ba léir go ndeachaigh an t-eispéireas cultúrtha Gaelach i bhfeidhm go mór ar dhalta amháin de chuid an taighdeora, ach go háirithe; 'Dúirt duine de mo dhaltaí Ardteiste nach bhféadfadh sé Éireannach a ghlaoch air féin níos mó i gcomparáid leis na daltaí ó Choláiste ....., a raibh an cultúr Gaelach go smior iontu agus iad chomh bródúil as!', (féach dialann mhachnamhach, 23 Eanáir 2013).

Rinne an chuid is mó de na daltaí iarracht a gcuid sólaistí a cheannach trí Ghaeilge nuair a stopadh ag an siopa áitiúil Gaeltachta ag filleadh ar ais chuig an scoil. Braitheadh gur spreag an dá eispéireas sin, (an chuairt chuig an scoil Ghaeltachta agus an chuairt chuig an siopa) na daltaí chun dul i muinín a gcuid cúpla focal. Tugadh faoi deara freisin go raibh i bhfad ní ba mhó Gaeilge á labhairt ag daltaí an Chlub Ghaeilge ar an mbus ag filleadh ar ais ar scoil.

#### **4.2 An ceistneoir**

Dáileadh 51 ceistneoir ar na daltaí as an 55 díobh go léir a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge sa scoil i gcaitheamh na bliana ag tús na seachtaine. Bhí ceathrar as láthair ón scoil ar an lá agus níor dáileadh ceistneoirí orthu siúd ina dhiaidh sin ceal ama. Bhí 22 ceist le freagairt ag na rannpháirtithe maidir lena dtuairimí i leith na Gaeilge go ginearálta, chomh maith lena dtuairimí i leith an Chlub Ghaeilge. Tugadh litir mhínithe dhátheangach do na daltaí chomh maith, le tabhairt dá dtuismitheoirí, ag míniú an taighde a bhí idir lámha agus d'fhonn cead a fháil uathu ligint dá bpáistí páirt a ghlacadh sa taighde. Iarradh ar na tuismitheoirí na ceistneoirí a shíniú mar chomhartha ceada sula dtabharfaí ar ais don taighdeoir iad. 29 (57%) ceistneoir a tháinig ar ais freagartha agus sínithe roimh dheireadh na seachtaine. Ceadaíodh na ceistneoirí a chomhlánú i nGaeilge nó i mBéarla. Chomhlánaigh beirt daltaí na ceistneoirí i nGaeilge.

##### **4.2.1 Torthaí an cheistneora**

Bhí sé ina ábhar sástachta don taighdeoir chomh dearfach is a bhí an t-aiseolas a bailíodh ó na ceistneoirí i leith an Chlub Ghaeilge. Síleadh gur easpa suime sa Chlub Gaeilge ba chúis leis an líon íseal tinrimh ach, ní bhfuarthas freagra ar bith ag rá nár thaitin an Club Gaeilge leo. Fíche dó ceist ar fad a bhí le comhlánú sa cheistneoir. Ní dheileáilfear san alt seo ach

leis na ceistanna a spreag na tuairimí ba shuimiúla ó na rannpháirtithe, dar leis an dtaighdeoir. Gheobhfar na freagraí go léir a comhlánaíodh sa cheistneoir san aguisín ar chúl an tráchtais.

Is í an chéad cheist a cuireadh sa cheistneoir ná *‘An maith leat an Ghaeilge? Cén fáth?’* Ní raibh ach beirt as an dtríocha rannpháirtí a d’admhaigh nár thaitin an Ghaeilge leo, de bharr deacrachta foghlama, dar leo.

Is ábhar spéise é an oiread tuisceana agus ionbhá a léirigh formhór na rannpháirtithe don Ghaeilge mar sheoid luachmhar dá n-oidhreacht, dá gcultúr agus dá bhféiniúlacht. Mar sin féin, a mhalairt de thuairim a léiríodh maidir lena n-eispéireas ag foghlaim na teanga sa seomra ranga.

Seo a leanas roinnt de na tuairimí a léiríodh i leith na Gaeilge:

- *‘Is maith liom Gaeilge mar is teanga don tír é.’*
- *‘Is aoibhinn liom Gaeilge! Ceapaím gur pháirt as mó chultúr féin agam agus is ána-tabhachtach é san aithne Éireannacht.’*
- *‘I like Irish as a language, but I don’t like being taught Irish. I don’t believe that language should be taught like other parts of the curriculum, driven in.’*
- *‘Yes, because I like the sound of the language.’*
- *‘I don’t mind Irish but it’s not my favourite subject because the way it’s taught, it’s not as fun as learning other subjects such as English or Spanish.’*
- *‘Yes, because it’s nice to know our country’s language.’*
- *‘I like Irish as a language but not as a subject, i.e. speaking, etc. but not studying An Trial/short stories/writing aistí.’*
- *‘I like Irish because it’s an interesting language and it’s an important part of our history and culture.’*

Bhain an dara ceist leis an gcéad cheann ach gur theastaigh ón dtaighdeoir léargas éigin a fháil ar na tosca a d’imir tionchar ar leibhéal inspreagtha na rannpháirtithe i bhfoghlaim na Gaeilge. Is í an cheist a cuireadh ná *‘An bhfuil sé tábhachtach duit an Ghaeilge a fhoghlaim? Cén fáth?’* Bhain an chuid is mó de na tuairimí a léiríodh don cheist sin le tábhacht na Gaeilge a dheimhniú arís ó thaobh chúrsaí oidhreacht, féiniúlachta agus chultúrtha de, ach aithníodh níos mó eagsúlachta sna tuairimí a léiríodh chomh maith. Ceapadh nach raibh mórán úsáid phraiticiúil ar bhonn fadtéarmach ag baint leis an dteanga dóibh. D’fhreagair cúigear gur chun scrúduithe a phasáil a bhain tábhacht le foghlaim na Gaeilge dóibh agus d’fhreagair cúigear eile



nach bhfuil tábhacht len í a fhoghlaim de bharr nach labhraítear an Ghaeilge go forleathan, nó ar éigean, dar leo.

Seo a leanas sampla de roinnt de na tuairimí áirithe sin:

- *'No, because I will never continue it on after school, and yes, because it's the native language.'*
- *'No, you're not going to use it in the future.'*
- *'No, because most of the people in Ireland don't speak Irish.'*
- *'Not really, I'm only learning it to pass my exams in the future...I won't probably speak Irish again after that.'*
- *'Yes, because you need it to pass the exams.'*
- *'Yes, because I like being able to speak good Irish even though I'm not Irish.'*

Ba léir óna gcuid freagraí gurbh é an t-inspreagadh seachtrach a bhí ag imirt tionchair ar fhormhór na rannpháirtithe.

Is í an tríú ceist a comhlánaíodh ná *'Cén fáth ar fhreastail tú ar an gClub Gaeilge?'* D'fhreagair formhór na rannpháirtithe (55%) gur theastaigh uathu a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Shíl seachtar rannpháirtithe gur bhealach taitneamhach spráúil a bheadh ann i gcur chun cinn a gcuid Gaeilge. B'ábhar spreagtha é do roinnt eile díobh go raibh a gcairde féin ag freastal air, agus luadh cúrsaí suime agus fiosracha faoin gClub Gaeilge chomh maith. Seo sampla den éagsúlacht tuairimí eile a nochtadh:

- *'I thought it would be interesting to try to use the Irish I have with others.'*
- *'We were promised a trip out of school to go and see a play. What's not to like?'*
- *'Because it's nice to be able to talk with your friends in Irish.'*
- *'It sounded fun and you speak Irish in a more fun way... such as playing games through Irish and watching programmes.'*
- *'To help with the scrúdú béal and it got me to be more comfortable at speaking Irish with other people, and if enough were there to play Scrabble© as Gaeilge it was good craic.'*

Fiafraíodh i gceist a naoi ar chabhraigh an Club Gaeilge lena gcuid Gaeilge sa rang, agus má chabhraigh, conas. D'fhreagair móramh na rannpháirtithe (82%) gur chabhraigh an Club Gaeilge leo. Luadh go raibh foclóir níos leithne acu, go raibh abairtí níos faide in úsáid acu le hais mar a bhíodh, go rabhthas in ann freagraí a thabhairt ar bhonn níos tapúla agus gur tugadh cumas tuisceana níos fearr faoi deara sa rang Gaeilge chomh maith. B'ábhar suntais an oiread rannpháirtithe a luaigh na focail 'confidence' agus 'comfortable'

(25%) go sonrath ina gcuid freagraí. Léiríonn an litríocht faoi shealbhú na dara teanga an oiread tionchair agus tábhachta a bhaineann leis an bhféinmhuinín i sealbhú rathúil na dara teanga (Clément *et al.*, *luaite i Dörnyei*, 2005:73; Williams agus Burden, 1997:125). Maidir leo siúd a d'fhreagair nár chabhraigh an Club Gaeilge lena gcuid Gaeilge sa seomra ranga, míníodh nár fhreastalaídis ar an gClub Gaeilge ach go hannamh. Mar sin féin, dúirt rannpháirtí amháin go raibh sé muiníneach go dtiocfadh feabhas ar a chuid Gaeilge dá mba rud é go raibh sé tar éis freastal níos minice a dhéanamh ar an gClub Gaeilge. Luadh chomh maith a laghad deiseanna a bhí ann chun an Ghaeilge labhartha a chleachtadh istigh sa seomra ranga de bharr gur scríbhneoireacht den chuid is mó a bhí ar siúl ann.

Bhain ceist a sé déag leis an gClub Gaeilge go sonrath, agus na rudaí a thaitin leis na rannpháirtithe faoi. Dúirt 38% díobh gurbh iad na cluichí a reáchtáladh na rudaí a thaitin leo, Scrabble© agus biongó, ach go háirithe. Ina dhiaidh sin, luadh atmaisféar cairdiúil, taitneamhach, spraíúil a bheith le brath sa Chlub Gaeilge. Seo a leanas roinnt samplaí de na tuairimí a léiríodh:

- *'I liked how everyone had fun speaking Irish because a lot of people don't like it.'*
- *'Thaitin liom an caint cairdiúil agus an craic sa Chlub Gaeilge.'*
- *'I liked the way that Club Gaeilge was a group activity.'*
- *'Everyone is welcomed.'*
- *'It was a good idea and I liked the prizes. I liked that it gave me an opportunity to improve my Irish outside of the classroom. Thought Scrabble© was a great idea but I don't have any friends who would play.'*
- *'Friendly atmosphere – easy going/laid back.'*
- *'We played fun games in Irish. They helped our vocabulary.'*
- *'It's a better way to learn Irish. We get to speak Irish.'*

Bhí an tagairt dheireanach ina ábhar spéise. Níorbh é an chéad uair é gur léiríodh míshástacht rannpháirtithe maidir leis an laghad deiseanna a bhí acu an Ghaeilge labhartha a chleachtadh taobh istigh den ghnáthrang Gaeilge, dar leo.

Dar ndóigh, ní raibh an Club Gaeilge gan a chuid lochtanna ach an oiread, agus ceistíodh na rannpháirtithe i gceist a seacht déag maidir leis na rudaí nár thaitin leo faoi. Síleadh nach raibh dóthain cluichí le himirt ann agus gur cheart níos mó gníomhaíochtaí éagsúla a reáchtáil, ach ina dhiaidh sin ba é an locht is mó a luadh ná a laghad daltaí a bhí ag freastal ar an gClub Gaeilge ar bhonn rialta:

- *'I enjoyed everything but I don't think there were enough people there.'*
- *'Most of my friends didn't come.'*
- *'Sometimes there wasn't people there who were around my age.'*
- *'When there were only 1 or 2 others – no atmosphere.'*

Bhain ceist a hocht déag agus a naoi déag leis na rudaí ab fhearr agus ba mheasa faoin gClub Gaeilge. Ní dhéanfar mionscagadh ar na freagraí sin anseo, seachas a lua go raibh a gcuid freagraí ina macasamhail de na freagraí a tugadh cheana i gcomhair ceisteanna a sé déag agus a seacht déag.

Lorgaíodh moltaí ó na rannpháirtithe i gceist a fiche faoi conas a d'fhéadfaí an Club Gaeilge a fheabhsú. Níor fhreagair triúr (10%) an cheist seo agus dúirt seachtar eile (24%) nach raibh aon mholtaí acu. D'fhreagair seachtar (24%) gur chóir níos mó cluichí a bheith ar fáil agus dúirt ceathrar (14%) eile gur cheart níos mó gníomhaíochtaí/imeachtaí a reáchtáil. Luaigh triúr (10%) gur chóir níos mó turas a eagrú. Shíl beirt (7%) gur chóir go mbeadh cead méid áirithe Béarla a labhairt seachas an Ghaeilge amháin mar riail a bheith i bhfeidhm ann.

Is í an cheist dheireanach a cuireadh ar na rannpháirtithe sa cheistneoir ná *'Ar mhaith leat páirt a ghlacadh sa Chlub Gaeilge dá mbeadh sé ar siúl sa scoil arís an bhliain seo chugainn? Cén fáth?'* Ní raibh ach duine amháin nár fhreagair an cheist sin. D'fhreagair fiche trí díobh (79%) go bhfreastalóidís ar an gClub Gaeilge dá mbeadh a leithéid ann arís. Dúirt cúigear (17%) nach bhfreastalóidís air de bharr gur i mbliain na hArdteiste a bhíodar agus nach mbeidís sa scoil an chéad bhliain eile. As an gcúigear sin, dúirt duine díobh go bhfreastalóidís ar an gClub Gaeilge murach sin. B'ábhar mór misnigh go raibh a leithéid d'aiseolas chomh dearfach san le sonrú. Mar sin féin, bhí cúpla tuairim a léirigh go raibh méid áirithe rannpháirtithe idir dhá chomhairle faoin gClub Gaeilge don chéad bhliain eile. Seo a leanas roinnt samplaí de na freagraí sin a fuarthas:

- *'Yeah because it's fun and it really helps with your Irish.'*
- *'Yes, because I enjoyed it.'*
- *'Yes, to try and improve my Irish.'*
- *'Probably and I would bring more friends because I felt it really did make a difference in my vocabulary.'*
- *'I think I'd be interested but I'm not sure because the fun varied from week to week.'*
- *'Yes, next year is my J.C. year and I need to improve my Irish.'*

- *‘Yes if my friends go.’*
- *‘Yes, great practice for the Oral.’*
- *‘Yes because it helps me to be more fluent in Irish.’*
- *‘Maybe, if I had no sport on, on the day of the Club Gaeilge.’*
- *‘Yes, because it is important to know our native language.’*

#### **4.2.2 Ábhar machnaimh bunaithe ar thorthaí an cheistneora**

Ar an iomlán, bhí an t-aiseolas a fuarthas ón gceistneoir thar a bheith dearfach. Is tuar dóchais é gur léiríodh an oiread sin suime freastal a dhéanamh ar an gClub Gaeilge dá mbeadh sé ar siúl sa scoil an chéad bhliain eile. B’ábhar suime na contrárthachtaí agus na coimhlintí inmheánacha a síleadh a bhí i meon fhormhór na rannpháirtithe a bhí i bhfabhar na Gaeilge ar chúinsí cultúrtha agus oidhreacht, ach go rabhtas den tuairim ag an am gcéanna nach mbainfí úsáid as an nGaeilge tar éis fhágáil na scoile dóibh.

### **4.3 An grúpa fócais**

D’eascair eolas luachmhar ó na tuairimí a léiríodh sa cheistneoir ann féin ach síleadh gurbh fhiú grúpa fócais a reáchtáil chun eolas ní ba dhoimhne a fháil faoi mheon na rannpháirtithe i leith an Chlub Ghaeilge, ina mbeadh saoirse cainte ag na rannpháirtithe a gcuid tuairimí a léiriú i bhfóram plé oscailte, ar leibhéal ní ba phearsanta agus nádúrtha dóibh.

#### **4.3.1 Roghnú na gceisteanna**

Rinneadh mionscagadh ar fhreagraí na ndaltaí, i dtús báire le spreagadh a fháil faoi na cineálacha ceisteanna ar chóir a ullmhú don ghrúpa fócais. I bhfianaise an aiseolais dhearfaigh a léiríodh i dtaobh an Chlub Ghaeilge ar an iomlán, bhí suim ar leith ag an dtaighdeoir breis tuisceana a fháil ar na tosca a d’imir drochthionchar ar thinreamh an Chlub Ghaeilge, ach go háirithe. Theastaigh chomh maith tuilleadh cíortha a dhéanamh ar na tosca a spreag leibhéil inspreagtha agus féinmhuiníne na rannpháirtithe sa Chlub Gaeilge i gcomparáid leis na gnáthranganna Gaeilge, dar leo.

#### **4.3.2 Roghnú na rannpháirtithe**

Tar éis don taighdeoir ceisteanna a ullmhú don ghrúpa fócais, bhí dianmhachnamh le déanamh maidir leis na daltaí a bhí le roghnú chun páirt a ghlacadh ann. Ba léir gur chuir an 29 (57%) dalta a chomhlánaigh na ceistneoirí dua isteach ann i bhfianaise na bhfreagraí cuimsitheacha a bhí léirithe acu. Dar ndóigh, ní fhéadfaí grúpa fócais a reáchtáil leo go léir. Beartaíodh féachaint ar rolla an Chlub Ghaeilge, i dtús báire, chun féachaint cérbh iad na

daltaí is mó a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge, mar ba iad siúd ba mhó a bheadh na tuairimí ba léirsteanáí acu faoi thionchar an Chlub Ghaeilge orthu. Bhí sé tábhachtach chomh maith go mbeadh ar a laghad dalta amháin as gach bliaingrúpa páirteach sa ghrúpa fócais, agus go mbeadh cothromaíocht inscne ann freisin. As an gcaoga cúig dalta ar fad a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge i rith na bliana, bhí sé beagnach cothrom idir an dá inscne (27 cailíní, 28 buachaillí), seachas gur cailíní a d'fhreastail ní ba mhinice ar an gClub Gaeilge ná na buachaillí. Beartaíodh go mbeadh daltaí nár fhreastail ar an gClub ach uair nó dhó páirteach sa phróiseas chomh maith, le féachaint cérbh iad na nithe ba chúis leo siúd stopadh de bheith ag teacht chuig an gClub Gaeilge. Roghnaíodh deichniúr daltaí bunaithe ar na critéir sin go léir. De bharr an oiread imeachtaí seach-churaclaim ag tarlú sa scoil an chéad tseachtain eile ina mbeadh an grúpa fócais á reáchtáil, idir chomórtais spóirt craoibhe, agus ullmhúcháin don searmanas fágála scoile do lucht na hArdteiste, bhíothas srianta ó thaobh ama de ina bhféadfaí am oiriúnach a shocrú don ghrúpa fócais a d'oireodh do na daltaí go léir agus don taighdeoir.

As an seachtar daltaí a bhí rannpháirteach sa ghrúpa fócais bhí an taighdeoir ina múinteoir Gaeilge ag triúr acu. Ghlac beirt daltaí as bliain na hArdteiste páirt sa ghrúpa fócais, chomh maith le dalta amháin ón tríú bliain, beirt daltaí ón dara bliain agus beirt daltaí ón gcéad bhliain. Ceathrar buachaillí agus triúr cailíní a bhí i gceist. Ní de bhunadh na tíre seo ó dhúchas do thriúr do na rannpháirtithe agus bhí duine díobh sin nárbh cainteoir T1 Béarla é ach an oiread.

### **4.3.3 Soiléiriú na rannpháirtithe maidir le cuspóir agus leagan amach an ghrúpa fócais**

Bhíothas tar éis a iarraidh ar na daltaí, an lá roimh reáchtáil an ghrúpa fócais, an mbeidís sásta páirt a ghlacadh ann. Míníodh dóibh arís an cuspóir a bhain leis an ngrúpa fócais: go mbeadh taifead á dhéanamh air, agus go mbeadh rúndacht agus neamhainmníocht na rannpháirtithe geallta. Míníodh do na rannpháirtithe nach raibh aon iachall orthu páirt a ghlacadh sa ghrúpa fócais murar mian leo é agus go bhféadfaidís tarraingt siar as an bpróiseas am ar bith le linn an tseisiúin da mba mhian leo é. Meabhraíodh dóibh chomh maith go raibh cead faighte óna dtuismitheoirí/caomhnóirí cheana chun páirt a ghlacadh ann.

I bhfianaise an achar ama de 40 nóiméad a bhí leagtha síos don ghrúpa fócais, braitheadh go mbeadh sé ní b'fhéarr mura nglacfaidh níos mó ná ochtar páirt ann d'fhonn deiseanna cainte do gach rannpháirtí a chinntiú.

#### 4.3.4 Cur chuige reáchtáil an ghrúpa fócais

Socraíodh an grúpa fócais a reáchtáil díreach théis am lóin. Eagraíodh go mbainfí úsáid as parlús beag na scoile; seomra geal compordach, a bhí curtha in áirithint an lá roimhe. Shroich seachtar as an ochtar daltaí a raibh socrú déanta ag an dtaighdeoir leo an parlús in am. Cuireadh fáilte rompu go léir agus eagraíodh iad sna suíocháin i gciorcal beag. Bhí na rannpháirtithe ar bís le tús a chur leis an ngrúpa fócais ach bhí dalta amháin a bhí fós in easnamh agus bheartaigh an taighdeoir seo dul ag cuardach an dalta sin ar feadh cúpla nóiméad ar eagla na heagla go raibh dearmad déanta aige ar an ngrúpa fócais. Chualathas ansin go raibh an dalta amuigh ar an bpáirc imeartha de bharr seisiún traenála sacair breise a bheith aige mar ullmhúchán don chluiche mór craoibhe a bhí le himirt aige an lá ina dhiaidh sin. Ní bheadh sé in ann freastal ar an ngrúpa fócais tar éis an tsaoil. Bhain frustrachas leis seo de bharr go raibh am luachmhar curtha amú ag cur moille le reáchtáil an ghrúpa fócais. Léiríonn an casadh seo chomh tapaidh agus chomh tobann a athraíonn cúrsa sa ghnáthshaol laethúil scoile, agus go n-imríonn na hathruithe sin tionchar ar thosca eile a bhíonn ag dul ar aghaidh sa scoil.

Bhí brú ar an ngrúpa toisc go raibh nach mór deich nóiméad cailte. Bhí sé tábhachtach, chomh fada agus a b'fhéidir é, go n-éireodh leis an bplé go léir a bhí le déanamh taobh istigh d'achar am ranga amháin, 40 nóiméad. Ar mhaithe le dea-ghnás, míníodh do na daltaí arís an fáth a bhain leis an seisiún a bheith taifeadtha agus míníodh dóibh chomh tábhachtach is a bhí sé go labhrófaí amach go soiléir agus nach mbeifí go léir ag caint ag an am céanna de bharr go mbeadh sé deacair idirdhealú agus scagadh a dhéanamh idir na cainteoirí agus an méid a bheadh le rá acu. Míníodh do na rannpháirtithe chomh maith nach raibh aon fhreagra ná tuairim a léireoidís mícheart; go raibh fáilte mhór roimh a gcuid tuairimí go léir, maith nó olc, agus chomh tábhachtach is a bheadh sé go bhfreagróidís na ceisteanna go macánta, mar a bhain siad leo féin.

Bhí dhá ghléas taifeadtha in úsáid, ar eagla go gclisfeadh ar an dtrealamh. Iarradh ar na rannpháirtithe suí in aice an trealaimh agus a bheith cinnte labhairt amach i dtreo is go mbeifí in ann a nglór a phiocadh suas go soiléir. Iarradh ar na rannpháirtithe rud éigin a rá chun tástáil a dhéanamh ar a nglór agus d'éirigh leis an gcleachtadh seo na rannpháirtithe a chur ar a suaimhneas, go mórmhór nuair nach raibh an oiread sin aithne acu ar a chéile.

Míníodh gur i mBéarla a reáchtálfai an seisiún i dtreo is go mbraithfeadh na rannpháirtithe go mbeidís lán-ábailta a dtuairimí a chur in iúl go soiléir. Thuig an taighdeoir nach raibh cumas labhartha dóthanach ag formhór na rannpháirtithe chun plé cuimsitheach a

dhéanamh tríd an sprioctheanga. Mar sin féin, cuireadh fáilte roimh éinne a bhí ag iarraidh a dtuairimí a chur in iúl trí Ghaeilge chomh maith.

#### 4.3.5 Ceisteanna don ghrúpa fócais

Míníodh do na rannpháirtithe go raibh méid áirithe ceisteanna ag an dtaighdeoir le cur orthu ach go bhféadfaidís aon rud eile gur theastaigh uathu a phlé maidir leis an gClub Gaeilge a lua chomh maith. Seo a leanas na ceisteanna a cuireadh ar na rannpháirtithe:

Is í an chéad cheist a cuireadh orthu ná *‘Cad a raibh tú ag súil leis ón gClub Gaeilge nuair a bheartaigh tú freastal air?’* Freagraíodh beagnach d’aon ghuth gur chun tuilleadh Gaeilge a labhairt an ghné is mó a spreag iad. Mheall an deis dul ar thuras go dtí an Ghaeltacht duine amháin agus spreag ábhar saor in aisce a bheith ar fáil an bheirt eile.

Is í an dara ceist a cuireadh ná *‘Ar chomhlíon an Club Gaeilge do chuid tnúthán?’* D’aontaigh na rannpháirtithe leis an gceist sin d’aon ghuth. Seo sampla de roinnt de na freagraí a tugadh:

- *‘Got a wrist band and some pencils...and liked talking Irish and stuff.’*
- *‘[It] brings your confidence up a bit...more natural. In a bigger group you might feel a bit shy, self-conscious trying to speak it in class. Smaller group, more relaxed atmosphere.’*
- *‘...great fun and great to be able to speak more Irish...’*

Is í an tríú ceist a cuireadh ná *‘Ar chabhraigh an Club Gaeilge leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge? Conas?’* Bhíothas an-dearfach ina gcuid tuairimí faoi seo. D’fhreagair duine de na rannpháirtithe gur shíl sé gur chabhraigh an Club Gaeilge leis chun na foirmeacha ceisteacha a fhoghlaim. D’fhreagair rannpháirtí eile gur chabhraigh sé leis go mór mar ullmhúchán don scrúdú béil Ardeiste. D’fhreagair rannpháirtí eile gur chabhraigh an Club Gaeilge leis deiseanna cainte i nGaeilge a thapú. Seo a leanas roinnt de na tuairimí eile a léiríodh:

- *‘I think the real name of the game is like, kind of, vocal immersion, because it’s the same with going to the Gaeltacht. You learn a lot more Irish in a small period actually speaking it, and using it to communicate with people, but not being, y’know, so forced to answer questions and things, because in a classroom environment it’s so academic, and about systematically learning the language that you can systematically answer on paper, that you don’t actually learn how to respond in a conversation or actually learn...’*
- *‘Yeah, I think that was a really good idea because we speak it [Gaeilge] and then we like, remember it better, instead of just writing it out constantly in class.’*

- *‘Yeah, I’m definitely more confident in class, like in answering questions and making my sentences longer, and like, I feel like better talking.’*

Is í an ceathrú ceist a cuireadh ná *‘An raibh tú ní ba chompordaí ag labhairt Gaeilge sa Chlub Gaeilge nó sa rang Gaeilge? Cén fáth?’* Spreag an cheist sin ní ba mhó rannpháirtithe a dtuairimí a roinnt leis an ngrúpa. Freagraíodh beagnach d’aon ghuth gur braitheadh ní ba chompordaí ag labhairt Gaeilge sa Chlub Gaeilge, agus gur chabhraigh an Club Gaeilge lena gcuid féinmhuiníne a ardú i leith na teanga, rud a spreag ní ba mhó misnigh iontu sna ranganna Gaeilge ina dhiaidh sin. Seo a leanas roinnt samplaí dá bhfreagraí:

- *‘...talk a lot more in my Irish class now because a lot of it was trying to put together sentences, figure out what goes where...that’s kind of how it helped me the most.’*
- *‘It was easier in the Club Gaeilge...playing the games and stuff and everyone else was talking.’*
- *‘Yeah, you got to learn more stuff because instead of writing down all the time, you got to speak a lot more and you got to learn new things from the shows and games and songs and stuff.’*
- *‘Yeah, you were more confident cos everyone else was speaking as well.’*
- *‘You’re kind of given more of an availability kind of...whereas in Irish [class] you just have to learn the stuff. In the Club Gaeilge it’s just more speaking it, getting encouragement and all.’*
- *‘I felt it was pretty equal. I speak Irish in the classroom a lot, because I’m encouraged to speak Irish in the classroom a lot, and I did speak Irish in the Club Gaeilge, and that was pretty easy because I was surrounded by other people who were also talking Irish. Whereas, if you’re out having fun and you speak Irish, no one’s going to speak Irish back, so it’s always a lot easier to speak Irish in the Club Gaeilge or the classroom.’*

Is í an cúigiú ceist a cuireadh ná *‘55 dalta ar fad a d’fhreastail ar an gClub Gaeilge uair éigin i rith na bliana, ach níor fhreastail ach líon beag daltaí ar an gClub Gaeilge ó sheachtain go seachtain. Cén fáth, dar leat?’* Spreag an cheist sin an-chuid cainte ó na rannpháirtithe go léir. Seachas tuairimíocht ghinearálta a thabhairt maidir leis an easpa tinrimh i gcás daltaí eile, freagraíodh an cheist sin mar a bhain sé leis na rannpháirtithe iad féin agus na fáthanna nár fhreastalaíodar féin ar an gClub Gaeilge ar bhonn ní ba rialta. De bharr gur bhain an séú ceist leis na fáthanna nár fhreastail na rannpháirtithe iad féin ní ba mhinice ar an gClub Gaeilge, bhí a gcuid freagraí fite fuaite lena chéile agus déileálfar leis na freagraí ón dá cheist sin le chéile anseo. Bhain tosca éagsúla leis an líon íseal tinrimh, dar leo, cosúil le dearmad a dhéanamh ar an gClub Gaeilge, imeachtaí seach-churaclaim eile a raibh na rannpháirtithe gafa leo a ghlac tús áite dóibh, agus fiú leadrán áirithe a



bheith ar roinnt acu i dtaobh na geluichí agus na n-imeachtaí céanna a bheith ar siúl sa Chlub Gaeilge go minic. Ba é an tosca ba mhó i bhfad a d'imir drochthionchar ar thinreamh an Chlub Ghaeilge, áfach, ná a gcuid cairde. Ní raibh suim ag a gcairde a bheith ag freastal ar an gClub Gaeilge agus theastaigh ó na rannpháirtithe a bheith i gcomhlúadar a gcairde i rith am lóin, de bharr nach bhfuairéadar mórán ama eile sa ghnáthlá scoile a bheith ag crochadh timpeall leo. Seo a leanas, roinnt de na tuairimí sin a léiríodh:

- *'I felt I would've gone more regularly if my friends of mine had gone. I had actually asked them to start ...and they were like 'No, I don't really want to.' cos my friends aren't very proactive people, so it was kind of a case of I'd gone there once and I hadn't really had many other people I knew there and y'know, it was fun, but at the same time I had my average crowd down by the lockers, which is another aspect to it.'*
- *'Yeah, kind of the same...I went but then, like, none of my friends really wanted to go because they kind of have below average Irish, so they really didn't want to go to somewhere where you only speak Irish, so I kind of stopped going regularly.'*
- *'To start with my friends weren't there, which was y'know a big minus, because spending time with them is always a plus, as well as the fact that the school day is pretty long, and sometimes you don't share many classes with your mates and you don't actually get much time to socialise...I would've gone more but my friends weren't there, so y'know, it was more worthwhile for me to stay out by the lockers.'*
- *'Well, pretty much because my friends wouldn't go...then a lot of the time because after school I don't really have time to actually meet up with my friends, so I kind of talk to them instead of go to Club Gaeilge.'*
- *'I forgot a few times and like just wanted to stay and talk with your friends as well.'*

Is í an seachtú ceist a cuireadh ná *'Conas is féidir níos mó daltaí a spreagadh chun teacht go dtí an Club Gaeilge, dar leat?'* Bhraith formhór na rannpháirtithe go raibh drogall ar dhaltaí freastal a dhéanamh ar an gClub Gaeilge de bharr gur ceapadh gurbh ionann é agus rang Gaeilge. Dúradar gur ghá a chur ina luí ar na daltaí nach ionann an Club Gaeilge in aon chor agus an gnáthrang Gaeilge agus gur áit í gur féidir spraoi agus taitneamh a bhaint as an dteanga. Chuige sin, mhol roinnt rannpháirtithe gur chóir an Club Gaeilge a fhógairt istigh sna ranganna, seachas ag na tionóil, áit a admháíodh nach dtugtar mórán suntais, go hiondúil, do na fógraí go léir a bhíonn le fógairt. Moladh chomh maith go rachfaí isteach sna ranganna ag fógairt an Chlub Ghaeilge an chéad tseachtain ar ais théis bhriseadh téarma, de bharr go ndéantar dearmad go héasca air. Glacadh leis nár tharraing na póstaer a bhí ar crochadh ar fud na scoile ag fógairt an Chlub Ghaeilge aon aird ina gcás siúd agus gur dócha gurbh amhlaidh do na daltaí eile sa scoil, dar leo. Dúradh nach raibh sé de nós acu féachaint ar chláir na bhfógraí de ghnáth. Dúirt na rannpháirtithe nár luaigh a

múinteoirí Gaeilge an Club Gaeilge leo sa rang ach go hannamh, nó in aon chor, seachas na rannpháirtithe a bhí á múineadh ag an dtaighdeoir:

- *‘Well, my Irish teacher was very involved in the Club Gaeilge, so yes, she mentioned it in every class.’*
- *‘I don’t think mine mentioned it.’*
- *‘I’m not really sure. She might have at the start...’*

Is í an t-ochtú ceist a cuireadh ná *‘Cé chomh tábhachtach is a bhí sé duit go bhfreastalódh do chairde féin ar an gClub Gaeilge in éineacht leat chun tú a spreagadh chun teacht?’*

Bhí na rannpháirtithe tar éis go leor tuairimí a léiriú cheana maidir le tionchar a gcairde ar a gcinneadh freastal nó gan freastal a dhéanamh ar an gClub Gaeilge agus léiríodh na tuairimí céanna leis an gceist seo chomh maith. D’eascair plé as sin, ansin, agus pléadh freagairt a gcairde ar a gcuid iarrachtaí iad sin a mhealladh chuig an gClub Gaeilge. Ba neamhaird iomlán a tugadh dá n-iarrachtaí, áfach, mar a léirítear anseo:

- *‘I said ‘Oh! That was fun!’ and I had asked my friends many times to come along but the answer every time was a resounding ‘No!’, because they just didn’t have the interest in it.’*
- *‘I mentioned it to my friends a lot, but every time I did, and mentioned liked ‘You should come along, it’s really fun’, they kinda laughed so it’s like I really think that was their way of saying ‘No!’.*
- *‘Yeah, well, I asked someone and she said it wasn’t worth her time, so it wasn’t really positive’.*

Is í an naoú ceist a cuireadh ná *‘Chuaigh cuid agaibh ar an dturas Gaeltachta ní ba luaithe sa bhliain. Ní dheachaigh cuid eile agaibh. Tugadh cead duit dul ar an dturas dá mba rud é go raibh tú tar éis freastal a dhéanamh ar an gClub Gaeilge roimhe sin. Cad iad bhur dtuairimí faoin dturas sin agus na coinníollacha chun dul ar an dturas? Ar chóir saorchead a thabhairt d’éinne freastal ar thurais Gaelacha fiú muna mbíonn siad ag freastail go rialta ar an gClub Gaeilge?’* Bhíothas idir dhá chomhairle faoin gceist seo agus d’eascair go leor plé as dá bharr. Bhraith roinnt de na rannpháirtithe gur ábhar spreagtha éifeachtach a bhí ann chun daltaí a mhealladh chuig an gClub Gaeilge, ach ní gach duine a d’aontaigh leis an dtuairim sin. Léiríodh an tuairim gur cheart tús áite ar an dturas a thabhairt do na daltaí a bhí ag freastal ar an gClub Gaeilge ar bhonn rialta roimhe sin agus ansin pé suíocháin a bhí fágtha fós le líonadh ar an mbus a thairiscint d’éinne eile ar mhian leo dul. Sa chaoi sin, síleadh go mb’fhéidir go spreagfadh an t-eispéireas dearfach sin iad chun freastal a dhéanamh ar an gClub Gaeilge ina dhiaidh sin, ag cur leis an dtinreamh dá bharr. Ní gach duine a d’aontaigh leis an dtuairim sin, áfach, agus bhí

rannpháirtithe áirithe den tuairim nach mbeadh daltaí ach ag baint leasa as an dturas chun am saor ó ranganna a bheith acu, seachas aon suim ar leith a bheith acu i gcúrsaí Gaeilge agus Gaelacha, dar leo. B'ábhar iontais é an leibhéal domhain smaointeoireachta agus plé a spreag an cheist áirithe seo i measc na rannpháirtithe. Seo blaiseadh beag de na tuairimí sin a léiríodh:

- *'It was a great incentive cos it was what got me to go.'*
- *'I think they should have, like, let more people go, cos if they like the trip then they might go to the Irish Club.'*
- *'They should have been warned a month before so they could go to the Club Gaeilge if they wanted to go on the trip first.'*
- *'Well I think it was probably fair to bring the people who are going to Club Gaeilge cos if you're going on a trip you're really expected to understand Irish and speak Irish...The people who are going to Club Gaeilge are willing to learn more and embrace it more than people who just really wouldn't get the full benefits from it...'*
- *'I think the more people we can get in and get experiencing it, it'll act as a kind of catalyst to bring more people into the Club Gaeilge, and then their friends will come and then before you know it the whole will want to come!'*

Is í an deichiú ceist a cuireadh ná *'An mbeadh suim agaibh freastal ar imeachtaí/thurais eile Ghaelacha taobh amuigh den scoil nó an leor turas amháin sa bhliain?'* Aontaíodh, d'aon ghuth, gurbh fhearr go mór leis na rannpháirtithe go mbeadh níos mó imeachtaí/turais bheaga eagraithe seachas aon turas amháin sa bhliain. Síleadh dá mbeadh turas éigin eagraithe uair gach téarma go spreagfadh sé seo tuilleadh suime sa Chlub Gaeilge ó dhaltaí eile, rud a bheadh ar fheabhas, dar leo. Cé gur ghlac an bheirt daltaí Ardteiste sa ghrúpa fócais leis an dtuairim sin i bprionsabal, shíleadar go mb'fhéidir go gcuirfeadh a leithéid an-bhrú ar dhaltaí Ardteiste, ach go háirithe, mar nár mhaith leo a bheith ag cailliúint amach ar mhórán ranganna.

Ceistíodh na rannpháirtithe maidir lena dtuairim faoi amchlár an Chlub Ghaeilge agus an mbeadh ní ba mhó suime acu freastal air dá mbeadh sé ar siúl tar éis scoile, seachas i rith am lóin, ionas go bhféadfaidís bualadh lena gcairde i rith an ama sin. Níor mhaith le haon duine acu go mbeadh an Club Gaeilge ar siúl tar éis scoile, go mórmhór ar chúinsí iompair abhaile. Bheadh an bus scoile imithe agus ní bheadh sé indéanta dá dtuismitheoirí iad a bhailiú ón scoil, ach an oiread. Shíl roinnt rannpháirtithe gurbh fhearr go mbeadh an Club Gaeilge ar siúl ar feadh tréimhse ní ba ghiorra i rith am lóin, thart ar leathuair a chloig in ionad trí ceathrú uair an chloig, ní mar cháineadh faoin gClub Gaeilge a moladh sin, ach sa chaoi is go mbeadh deis acu bualadh lena gcairde ar feadh tamaill ag am lóin, gan

chailiúint amach ar an gClub Gaeilge. Tháinig moladh ó chúpla duine eile gur chóir go mbeadh deis ag daltaí freastal a dhéanamh ar an gClub Gaeilge uair amháin sa tseachtain in áit an gnáthrang Gaeilge a bheith ar siúl acu.

Bhain ceist a dó dhéag le tuairimí na rannpháirtithe i leith raon na ngníomhaíochtaí agus na gcluichí a bhí ar fáil sa Chlub Gaeilge. Thaitin na cluichí/gníomhaíochtaí a reáchtáladh leis na rannpháirtithe, ach síleadh go bhféadfaí réimse ní ba leithne, a chur ar fáil. Moladh cluichí cláir cosúil le Monopoly© nó Cluedo© agus a thuilleadh cluichí tomhais, chun an chaint sa sprioctheanga a spreagadh.

Mar fhocail scoir, ag cur deireadh leis an seisiún grúpa fócais, moladh an Club Gaeilge go hard. Síleadh gur an-togra a bhí ann, gur bhaineadar an-taitneamh agus spraoi as, agus gur bhraitheadar gur chabhraigh sé lena gcumas cainte Gaeilge, ag ardú a gcuid féinmhuiníne agus measa ar an dteanga i rith an phróisis chomh maith. Aithníodh go raibh lochtanna áirithe ar an gClub Gaeilge, go háirithe mar a bhain sé leis an drochthinreamh, ach go rabhthas dóchasach go bhféadfaí na dúshláin a shárú agus forbairt a dhéanamh ar an gClub Gaeilge dá leanfadh sé ar aghaidh sa scoil an chéad bhliain eile.

#### **4.3.6 Ábhar machnaimh faoi reáchtáil an ghrúpa fócais mar uirlis taighde**

Shíl an taighdeoir, ar an iomlán, gur bailíodh eolas breise ón ngrúpa fócais a bhí saibhir agus luachmhar dá taighde. Bhí go leor ráite ann a bhí ag teacht le freagraí an cheistneora, agus mar sin braitheadh gur oibrigh sé chun athdhearbhú a dhéanamh faoin dearcadh dearfach a léiríodh i leith an Chlub Ghaeilge roimhe sin. Ag an am céanna, bhíodhas in ann eolas ní ba dhoimhne a bhaint amach maidir leis na lochtanna, agus cúiseanna na lochtanna sin ar an gClub Gaeilge, dar leis na rannpháirtithe.

Seachtar daltaí a ghlac páirt sa ghrúpa fócais, ach shílfeá ó bheith ag éisteacht leis an dtaifead go raibh ceannasaíocht glactha ar bheirt rannpháirtithe ach go háirithe ar an bplé. Ach ní hamhlaidh a bhí, i ndáiríre. Bhí an taighdeoir thar a bheith coinsiasach ag cinntiú go bhfaigheadh gach duine deiseanna cainte. Is cinnte go raibh pearsantachtaí ann a bhí ní ba láidre ná cinn eile. Bhí beirt rannpháirtithe, ón dara bliain agus ón tríú bliain, a labhair go deisbhéalach agus go cuimsitheach i dtaobh a gcuid tuairimí agus ba léir go raibh dianmhachnamh déanta acu ar na ceisteanna ar leith a tháinig aníos. Mar chodarsnacht, bhí triúr daltaí a bhí thar a bheith cúthaileach. Ó thaithí an taighdeora a bheith ag plé leis na rannpháirtithe i gcomhthéacs an Chlub Ghaeilge agus mar mhúinteoir ábhair, bhí a fhios aici go raibh pearsantachtaí cúthaileacha ag cuid acu, ach síleadh gur dhaltaí iad ag an am céanna a bheadh sásta a gcuid tuairimí a chur in iúl. Ghríosaigh an taighdeoir iad chun cainte, ach tuigeadh gan bhrú a chur orthu chomh maith, de bharr go gcaithfeadh an plé a

bheith ag forbairt ar bhonn nádúrtha agus orgánach taobh istigh den ghrúpa. Bhíothas faoi bhrú ama ag iarraidh an grúpa fócais a thabhairt chun críche in am, go mórmhór tar éis an mhoill a cuireadh air ag an tús. De bharr go ndeachaigh an seisiún ar aghaidh ar feadh tuairim is deich nóiméad ní ba faide b'éigean don bheirt daltaí Ardteiste imeacht go luath roimh dheireadh an tseisiúin mar gheall ar rang gur theastaigh uathu freastal a dhéanamh air. Bhraith an taighdeoir faoi bhrú de bharr go raibh daltaí a ranga féin ag feitheamh uirthi chomh maith. Bhíothas sásta, ar deireadh, gur éirigh leis an dtaighdeoir freagairt a fháil ar na ceistanna a bhí ullmhaithe aici don ghrúpa.

#### **4.3.7 Ábhar machnaimh bunaithe ar aiseolas an ghrúpa fócais**

Níl aon amhras ach gur léiríodh dearcadh an-dearfach i leith an Chlub Ghaeilge mar acmhainn luachmhar i gcur chun cinn fhéinmhuinín na rannpháirtithe i bhfoghlaim na Gaeilge mar dhara teanga. Ba léir go raibh fianaise den inspreagadh intreach nó fonn pearsanta ar na rannpháirtithe ar leith maidir le dul chun cinn a dhéanamh sa Ghaeilge, ach gur imir tosca seachtracha drochthionchar ar a n-eispéireas leis an gClub Gaeilge, cúrsaí tinrimh neamhrialta, agus easpa comhlúadar a gcairde ann, ach go háirithe. Síleadh gur an-smaoineamh é turais scoile a eagrú go dtí an Ghaeltacht nó chuig ócáidí Gaelacha ar leith. Braithheadh gurbh fhearr turas in aghaidh an téarma seachas turas amháin a eagrú, rud a chuirfeadh go mór le tuilleadh daltaí a mhealladh chuig an gClub Gaeilge, dar leo.

Ba léir go raibh bá faoi leith acu don Ghaeilge i gcoitinne, ach nárbh eispéireas taitneamhach ná dearfach a bhí le sonrú acu sa ghnáthsheomra ranga Gaeilge i gcónaí. Léiríodh an-tuiscint ar an gcur chuige cumarsáideach mar mhodh éifeachtach i bhfoghlaim na dara teanga, ach níor tugadh suntas don chur chuige sin a bheith i bhfeidhm sa seomra ranga. Go deimhin, tagraíodh don bhfoghlaim straitéiseach don scrúdú a bheith i réim sa seomra ranga, seachas teanga bheo chumarsáideach a mhúineadh. Is léir go n-ardaíonn an dearcadh comónta sin i measc na rannpháirtithe seo ceistanna faoi chur chuigí agus chleachtais teagaisc sa seomra ranga maidir le caighdeán mhúineadh agus fhoghlaim na Gaeilge faoi láthair.

## **Caibidil 5: Conclúid, Moltaí**

## **Caibidil 5: Conclúid, Moltaí**

### **1.0 Réamhrá**

Bhain an miontráchtas seo le hiniúchadh a dhéanamh ar an dtionchar a d'imir bunú Chlub Ghaeilge i meánscoil lán-Bhéarla ar inspreagadh na ndaltaí i leith fhoghlaim na Gaeilge. Le linn an taighde seo, rinneadh iarracht tuiscint a fháil ar eispéireas na ndaltaí ar an gClub Gaeilge agus ar a n-eispéireas foghlama sa sprioctheanga dá bharr.

I gcaibidil a dó, tugadh léargas ar an réimse saineolais atá foilsithe maidir leis an dtionchar suntasach a imríonn cúinsí inspreagtha, inspreagadh intreach agus eistreach, ar dhuine i bpróiseas foghlama agus sealbhaithe na dara teanga. Pléadh athróga casta cosúil leis an bhfionn pearsanta chun foghlama, féinmhuinín an fhoghlaimeora, dinimic ranga, ról an mhúinteora agus bunús sóisialta agus comhchaidrithe i bhfoghlaim na dara teanga. Pléadh straitéisí teagaisc éifeachtacha ar nós CLIL agus úsáid chluichí, go mórthóir i gcomhthéacs an taitnimh agus an spraoi a ghlactar leis atá tábhachtach a spreagadh i rith phróisis foghlama teangacha.

Rinneadh cur síos i gcaibidil a trí ar mhodheolaíochtaí taighde agus ar na huirlisí taighde ar leith a baineadh úsáid astu don tionscadal taighde áirithe seo. Baineadh úsáid as modhanna éagsúla chun an tuiscint seo a mheas, idir bhreathnóireacht an taighdeora i rith sheisiúin an Chlub Ghaeilge, agus aiseolas na ndaltaí bunaithe ar na ceistneoirí a comhlánaíodh chomh maith leis an aiseolas a fuarthas ón ngrúpa fócais.

Rinneadh mionchur síos agus plé ar thorthaí an taighde féin i gcaibidil a ceathair.

### **2.0 Conclúid**

Bhí ochtar daltaí ar an líon meánach daltaí a d'fhreastail ar sheisiúin an Chlub Ghaeilge i rith na bliana agus b'ábhar díomá don taighdeoir nach raibh níos mó ná dhá sheisiún ar an meán freastalta ag na daltaí orthu. Léiríonn na sonraí cáilíochtúla (féach ar thorthaí iomlán an cheistneora san aguisín) go raibh gach aon duine de na rannpháirtithe i bhfabhar an Chlub Ghaeilge ar bhonn prionsabail, ach gur imir tosca áirithe tionchar diúltach rómhór orthu chun go mbainfidís an tairbhe ab fhiúntaí as.

Ar bhreathnú siar don taighdeoir, tugann taithí an tionscadail agus an taighde léargas breise ar na nithe a d'imir drochthionchar ar thinreamh an Chlub Ghaeilge, go mórthóir le cabhair dhearcadh na rannpháirtithe.

Ba é neamhfheastal a gcuid cairde an tosca ba mhó a bhain le tinreamh íseal na rannpháirtithe agus níor mhór machnamh a dhéanamh ar chonas is féidir dul i ngleic leis an

dtoisc sin. Síleann an taighdeoir go bhféadfaí an dá thrá a fhreastal, is é sin, go mbeadh deis ag na daltaí am a chaitheamh lena gcairde trí sheisiún níos giorra den Chlub Gaeilge a chur ar siúl. Tá an baol ann, áfach, go ndéanfadh na daltaí dearmad glan freastal a dhéanamh ar an gClub Gaeilge ansin. Mar sin, b'fhéidir nach réiteach faidhbe sásúil a bheadh ansin. Léirigh rannpháirtithe sa taighde go bhfreastalóidís ar an gClub Gaeilge ní ba mhinice dá mbeadh fonn ar a gcairde siúd freastal a dhéanamh air; mar sin, ní mór cuimhneamh ar chonas comhluadar a gcairde a earcú go suntasach.

Ina theannta sin, glacann an taighdeoir leis nár éirigh léi na daltaí céanna a mhealladh chun freastal ní ba mhinice ar an gClub Gaeilge de bharr na gcluichí agus na ngníomhaíochtaí céanna a bheith ar siúl rómhinic, seachas, b'fhéidir níos mó éagsúlachta a chur ar fáil ó sheachtain go seachtain. Thuig an taighdeoir ag amanna, (féach dialann mhachnamhach, 26 Márta 2013), go raibh an baol ann go bhféadfadh leadrán a bheith ar roinnt daltaí, ach bhí sé deacair an coibhneas ceart ar mhinicíocht úsáide gníomhaíochtaí a mheas nuair a bhí an oiread sin neamhrialtachta i gceist le freastal na ndaltaí céanna ar an gClub.

Aithníodh uaireanta eile gur de bharr na dea-aimsire a bhí an tinreamh íseal. Is féidir an dea-aimsir a thapú chun leasa an Chlub Ghaeilge trí imeachtaí agus cluichí a réachtáil taobh amuigh. Is fiú i gcónaí plean cúlta a bheith ag comhordaitheoir an Chlub Ghaeilge, agus b'shin rud nár chuimhnigh an taighdeoir féin air ag an am.

Mar a léiríodh cheana, bhí an-tóir ar na bandaí caol láimhe a bronnadh ar na daltaí a d'fhreastail ar an gClub Gaeilge den chéad uair, agus thaitin na duaiseanna beaga a bronnadh ar bhuaiteoirí na gcluichí éagsúla leo chomh maith. Ba léir gur thaitin an t-aitheantas sin leis na daltaí, agus gur féidir a rá gur ardaigh a leithéid leibhéal poiblíochta an Chlub Ghaeilge freisin. Go deimhin, léirigh roinnt tuairimí a nochtadh sa cheistneoir agus sa ghrúpa fócais go raibh an fhéidearthacht giuirleídí a fháil saor in aisce ar cheann de na tosca a spreag iad chun freastal a dhéanamh ar an gClub Gaeilge, (inspreagadh eistreach).

Tá fianaise sa taighde seo go mbaineann féidearthachtaí dearfacha le Club Gaeilge a bheith i scoil chun leibhéal inspreagtha na ndaltaí i leith fhoghlaím na Gaeilge a ardú. Caithfear a chur san áireamh nach ionann comhthéacs agus comhdhéanamh aon dá scoil agus cá bhfios ach nach mbeadh féidearthachtaí agus deiseanna breise agus níos fabhraí le tapú ag scoileanna áirithe thar cinn eile i réachtáil agus i rath Chlub Ghaeilge. Táthar ag brath ar thosca ar leith le bheith ag súil lena rath, cosúil le dea-thoil agus tacaíocht foirne, dóthain ama chun pleanáil chun cinn sásúil a dhéanamh, ag cinntiú nach bhfuil imeachtaí atá eagraithe ag teacht salach ar imeachtaí eile i bhféilire na scoile, más féidir, agus éagsúlacht



ghníomhaíochtaí tarraingteacha a bheith ar siúl sa Chlub Gaeilge ó sheachtain go seachtain chun an oiread daltaí agus is féidir a mhealladh chuige, d'fhonn na daltaí a spreagadh chun cainte sa dara teanga.

Ba léir ó aiseolas na rannpháirtithe, a bailíodh ó na ceistneoirí agus ón ngrúpa fócais, gur baineadh eispéireas i bhfad ní ba thaitneamhaí as timpeallacht an Chlub Ghaeilge agus gur bhraitheadar níos muiníne pé mhéad Gaeilge a bhí acu a úsáid ansin le hais mar a braitheadh istigh sa ghnáthrang Gaeilge, áit a léiríodh frustrachas faoi mhéad na scríbhneoireachta agus na foghlama de ghlanmheabhair a bhí ar siúl ann.

Léirigh roinnt rannpháirtithe tuiscint ar leith ar an dtábhacht a bhaineann le deiseanna fíor-idirphlé dearfacha a bheith ar fáil i bhfoghlaim na dara teanga, agus a laghad deiseanna, a braitheadh, a bhí curtha ar fáil dóibh sa seomra ranga. Is trua go bhfuil an dearcadh diúltach sin faoi fhoghlaim na Gaeilge fós le sonrú i measc daltaí i bhfianaise go bhfuil an cur chuige cumarsáideach in ainm is a bheith i bhfeidhm i modheolaíochtaí teagaisc na Gaeilge le hos cionn fiche bliain anuas anois. Cuireann an tSeirbhís Um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) réimse tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge tríd an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge, ([www.muinteoirgaeilge.ie](http://www.muinteoirgaeilge.ie)), i gceardlann ([www.tionolteagaisc.com](http://www.tionolteagaisc.com)) agus i laethanta inseirbhíse éagsúla a reáchtáil i rith na bliana. Feictear don taighdeoir go bhfuil bunús ábhar taighde ann in iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh na múinteoirí Gaeilge a fháil faoi na réimse tacaíochtaí a gcuirtear ar fáil dóibh agus an leas a bhaineann siad astu, nó a mhalairt, agus as straitéisí ar bith eile a bhfeiceann siad a chabhraíonn leo le heispéireas dearfach i bhfoghlaim éifeachtach a spreagadh, a chothú agus a léiriú sa seomra ranga Gaeilge. Ní ar mhaithe le locht a fháil ná cáineadh a dhéanamh faoi chur chuigí múinteoirí Gaeilge atá i gceist ag an dtaighdeoir leis an moladh sin, ach, i bhfianaise thaithí an taighdeora mar mhúinteoir, is minic nach mbaintear úsáid as straitéisí teagaisc ar leith, fiú agus ba mhian léi, de bharr thosca éagsúla. Tá iniúchadh déanta ar dhearcadh na ndaltaí meánscoile i leith sholáthar an churaclaim Ghaeilge (Little, 2003; ESRI, 2004, 2006). Ba cheart aird a thabhairt ar dhearcadh na múinteoirí chomh maith.

### **3.0 Moltaí**

Maidir le bunú Chlub Ghaeilge, moltar go mbeadh ciste Gaeilge ar leith ag an scoil chun costas na n-acmhainní a chlúdach chomh fada agus is féidir é. Dá laghad costais a ghearrtar ar na daltaí is ea is fearr é.

Is fiú go mór teagmháil a dhéanamh leis na heagrais Ghaeilge éagsúla, cosúil le Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge agus na meáin Ghaeilge, cosúil le TG4 agus *Foinse*, a

chuireann acmhainní, comórtais agus giuirléidí ar fáil saor in aisce, nó ar phraghas réasúnta íseal. Léiríodh an-tóir ar na giuirléidí agus ar na duaiseanna beaga a cuireadh ar fáil sa Chlub Gaeilge.

Is fiú féachaint ar na féidearthachtaí is féidir a thapú maidir le ranganna CLIL, cosúil le cócaireacht/bácáil, corpoideachas, ealaíon agus ceol a reáchtáil trí mheán na Gaeilge, ag baint leasa as scileanna ar leith foirne nó aíonna a thabhairt isteach chun ceardlanna a reáchtáil leis na daltaí ó am go chéile. Thaitin an seisiún bácála a cuireadh ar bun mar chuid den taighde seo leis na daltaí go mór, idir ghné shiamsaíochta agus ghnéithe foghlama aitheanta acu san aiseolas a tugadh.

Tá leaganacha Gaeilge de chluichí cláir áirithe ar fáil le ceannach le cúpla bliain anuas, ar nós Scrabble©, agus biongó le téamaí éagsúla ag baint leo, agus is mór an chabhair iad na cluichí sin, a bhfuil taithí ag daltaí orthu, ó bheith á n-imirt ina máthairtheanga cheana féin. B'fhiú go mór é a thuilleadh leaganacha Gaeilge de réimse leathan cluichí cláir eile a sholáthair, agus béim orthu siúd a spreagann cumarsáid, ar nós Monopoly©, Cluedo© agus Taboo©, mar shampla, a bheith ar fáil, mar a mhol na rannpháirtithe sa taighde seo. Ní hamháin go gcabhraíonn na cluichí seo le forbairt a dhéanamh ar chumas cainte agus ar raon foclóra na bhfoghlaimoirí, ach, cothaíonn úsáid chluichí leis an bhfoghlaim ar bhonn neamh-chomhfhiosach, rud a chuireann go mór le sealbhú na teanga, (Chen, 2005:1). Muna bhfuil sé indéanta Club Gaeilge a bhunú i scoil, níor mhór smaoineamh ar dheiseanna imeartha a chur ar fáil taobh istigh den ghnáthsheomra ranga.

Is de réir a chéile a thógtar na caisleáin agus ba chóir ligint don Chlub Gaeilge éabhlú agus forás a dhéanamh go nádúrtha. Molann an taighdeoir aiseolas rialta a lorg ó na daltaí a fhreastalaíonn ar an gClub Gaeilge ionas gur féidir na gníomhaíochtaí a reáchtáiltear a choigeartú agus a chur in oiriúint do na daltaí ó bhliain go bliain, agus go bhféadfadh na daltaí rannpháirtíocht agus muintearas sa Chlub Gaeilge a bhraistint. B'fhearr slat tomhais éigin a bheith in úsáid sa Chlub Gaeilge chomh maith chun dul chun cinn na ndaltaí sa Ghaeilge a mheas. Ar bhreathnú siar don taighdeoir ní raibh mórán aici mar shlat tomhais chun monatóireacht shoiléir a dhéanamh ar dhul chun cinn chumas Gaeilge na ndaltaí sa Chlub Gaeilge, seachas a thabhairt faoi deara go rabhadar ag déanamh iarrachta leis an nGaeilge ina gcuid idirphlé agus gur ar éigean a bhí an Béarla le cloisint sna seisiúin go ginearálta. Mhaígh na rannpháirtithe gur bhraitheadar féin go raibh feabhas tagtha ar a gcuid Gaeilge, go raibh cumas tuisceana níos fearr acu, go raibh abairtí níos faide in úsáid acu agus go raibh i bhfad níos mó muiníne acu dá bharr. Arís, léirítear go n-imríonn leibhéal ard féinmhuiníne dea-thionchar ar rath na foghlama teanga, (Williams agus

Burden, 1997:137; Clément *et al.*, (luaite i Dörnyei, 2005:73)). Ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar na freagraí a tugadh sa cheistneoir, (féach: aguisín), le tuiscint go raibh bá ag tromlach na rannpháirtithe leis an nGaeilge agus go raibh gnéithe den spreagadh intreach agus eistreach le sonrú ina gcuid freagraí, agus gurbh é an spreagadh ar bhonn intreach, nó an fonn pearsanta chun foghlama ba mhó a bhí le sonrú. Ba léir gur bhain na rannpháirtithe tairbhe ní ba mhó as an gClub Gaeilge, ná mar a baineadh as a bheith sa ghnáthsheomra ranga, de bharr go raibh fonn comónta ag gach duine a d'fhreastail air a gcuid Gaeilge a úsáid agus a fheabhsú, 'Creating a learning culture to which students want to belong', (Puchta, 1999:246-259). Ní mar a bhíonn le sonrú ó gach dalta sa ghnáthrang foghlama dara teanga, go minic.

Ba í an phríomhcheist a bhí le freagairt i gcomhthéacs an taighde seo ná arbh fhiú do scoileanna Clubanna Gaeilge a bhunú le meon agus inspreagadh na ndaltaí i leith na Gaeilge a ardú. Is é tátal an taighdeora ná gur fiú, ach nár mhiste do mhúinteoirí Gaeilge athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas, ar a meon agus ar a bpearsantacht féin taobh istigh den rang Gaeilge, príomhláthair teagaisc agus foghlama na Gaeilge ar scoil, le féachaint an bhfuil na tosca sin go léir ag freagairt go héifeachtach do spriocanna an churaclaim i soláthar an tsiollabais i gcur chun na Gaeilge;

It is not what we do with our students, it is who we are. No great teaching method will be enough, if we ourselves are not at home. We are all teachers and learners. Educators can educate only if they are willing to put themselves into question as well. The answer does not lie in better classrooms, more equipment, new tools and methods; although these things may help. It lies in you. (Whitmore, 1986, luaite i Puchta, 1999:259)

## **AGUISÍN**

## AGUISÍN I

### Litir eolais do bhord bainistíochta na scoile

23 Deireadh Fómhair 2012

A Chairde,

Tá beartaithe ag Tammy Ní Laoire, múinteoir Gaeilge i gColáiste ....., Club Gaeilge a chur ar bun sa scoil. Beidh an Club seo oscailte do na scoláirí ar fad, agus is deis a bheas ann an Ghaeilge labhartha a chleachtadh i dtimpeallacht spráúil.

Is mac léinn ar an MA (Teagasc Teangacha) in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh í Tammy, agus tá sé ar intinn aici miontráchtas a bhunú ar a taithí leis an gClub Gaeilge. Chuige sin, bheadh sé i gceist aici grúpaí fócais/agallaimh a shocrú i dtéarma 2/3 le roinnt de na scoláirí a ghlacann páirt sa Chlub Gaeilge. Cuirfear litir abhaile chuig na tuismitheoirí cuí ag iarraidh cead é sin a dhéanamh ag an bpointe sin.

\*\*\*\*\*

A chairde,

Tammy Ní Laoire, one of the Irish teachers in Coláiste ....., has decided to set up an Irish Club in the school. The Club will be open to all the students, and will provide an opportunity to practice their spoken Irish in a fun environment.

Tammy is a student on the MA (Teagasc Teangacha) programme in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge at the National University of Ireland, Galway, and she hopes to base a minor thesis on her experience with the Irish Club. To that end, she hopes to organise some focus groups/interviews in term 2/3 with some of the students who take part in the Club. The relevant parents will be contacted at that point to get permission from them for this.

Le meas,

---

An Dr Dorothy Ní Uigín  
Riarthóir Theagasc na Gaeilge  
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.  
091-493493      dorothy.niuigin@oegaillimh.ie

## AGUISÍN II

### Litir eolais faoi thuras an Chlub Ghaeilge go dtí an Ghaeltacht

21ú Eanáir 2013

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir, dhil,

Tá turas go dtí an Ghaeltacht eagraithe ag Club Gaeilge Choláiste ..... don Chéadaoin seo chugainn, 23ú Eanáir. Beidh na daltaí ón chlub ag féachaint ar dhráma agus ar sheó puipéad á gcur i láthair ag daltaí Choláiste ..... Beidh na daltaí ag fágáil na scoile ar bhús ag 11r.n. agus ag filleadh ar ais ar scoil arís roimh dheireadh am lóin.

‘Sí an aidhm atá leis an turas ná suim na ndaltaí a spreagadh sa Ghaeilge, fíú iad siúd ar bheagán Gaeilge, agus go gcloisfidís an Ghaeilge á labhairt i suíomh nádúrtha. Táthar ag súil leis go mbainfidh na daltaí triail as a gcuid Gaeilge le linn an turais.

**Níl aon chostas** ag baint leis an turas seo do na daltaí.

Cuir scéala ar ais chuig an scoil **muna** bhfuil tú ag iarraidh go bhfreastalódh do pháiste ar an turas.

Le gach dea-ghuí,

---

An Club Gaeilge

\*\*\*\*\*

21<sup>st</sup> January 2013

Dear Parent/Guardian,

Coláiste ..... Club Gaeilge has organised a trip to the Gaeltacht on Wednesday 23<sup>rd</sup> January. The students from the Club Gaeilge will be attending a play and a puppet show performed by students of Coláiste ..... Students will leave Coláiste ..... at 11am by bus and will return to school before 2pm.

The aim of the trip is to expose the students to the Irish language in its natural environment, and to encourage the students to use Irish on the trip, regardless of how little Irish they may feel they have.

Students are **not** required to pay for this trip.

Please contact the school only if you do **not** consent to your child participating in this trip.

Le gach dea-ghuí,

---

An Club Gaeilge

## AGUISÍN III

### Litir thoilithe don taighde

8 Bealtaine 2013

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir, dhil,

Is múinteoir Gaeilge mé anseo i gColáiste ..... Bhunaigh mé Club Gaeilge sa scoil i mbliana chun deis a thabhairt do na daltaí an Ghaeilge labhartha a chleachtadh i dtimpeallacht spráúil taobh amuigh den ghnáthsheomra ranga.

Tá cúrsa máistreachta, M.A. (Teagasc Teangacha) in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, idir lámha agam chomh maith faoi láthair agus tá sé ar intinn agam mo mhiontráchtas a bhunú ar an dtaithí leis an gClub Gaeilge. Chuige sin, bheadh sé i gceist agam ceistneoirí agus grúpaí fócais a shocrú le roinnt de na daltaí a ghlac páirt sa Chlub Gaeilge le haiseolas a fháil uathu faoina dtaithí leis.

Geallaim rúndacht aitheantais iomlán maidir le do pháiste sa taighde seo agus beidh lánchead ag do pháiste tarraingt amach as an dtaighde aon uair ar mhian leis/léi é muna dteastaíonn uaidh/uaithi leanúint ar aghaidh leis ag aon am ar bith.

Bheinn fíorbhuíoch díot as do chomhoibriú agus cead a thabhairt do do pháiste páirt a ghlacadh sa taighde seo. Iarraim ar do pháiste an ceistneoir iniata a chomhlánú, i nGaeilge nó i mBéarla agus é a thabhairt ar ais chugam dá luaithe agus is féidir é. Roghnófar daltaí ansin le páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais le mionphlé a dhéanamh faoin gClub Gaeilge maidir leis an aiseolas a bheidh faighte ar ais ó na ceistneoirí.

Bheinn buíoch díot as an gceistneoir a shíniú mar chomhartha ceada sula dtugann do pháiste an ceistneoir ar ais dom.

Míle buíochas,

---

Tammy Ní Laoire (Múinteoir Gaeilge)

## AGUISÍN III (ar lean)

8 May 2013

Dear Parent/Guardian,

I'm an Irish teacher in Coláiste ..... I set up an Irish Club in the school this year to provide an opportunity for students to practice their spoken Irish in a fun way outside of the usual classroom environment.

I am also currently doing a Masters, M.A. (Teagasc Teangacha), with Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge at the National University of Ireland, Galway. My minor thesis is based on my experience with the Irish Club, as well as the experience of the students who participated in the Club Gaeilge during the year. As part of my research into the Club Gaeilge I need to conduct a questionnaire as well as a focus group with some of the students who took part in the Club to get their feedback on it. I can assure you that all the feedback used for the research will be included anonymously, that is to say that your child's identity will be protected at all times as part of the research. Your child will have complete permission not to fill in the questionnaire and/or withdraw from the focus group, if selected, at any time throughout the process.

I would be very grateful for your cooperation and to allow your child to take part in my research. To this end, I would appreciate it if your child would fill out the accompanying questionnaire, in Irish or in English, and return it to me as soon as possible. A number of students will then be selected to participate in a focus group/discussion group to discuss the Club Gaeilge in more detail, based on the feedback received from the questionnaire.

I would be grateful if you would sign the questionnaire as a mark of your consent before your child returns it to me.

Many thanks,

---

Tammy O'Leary (Irish teacher)



## AGUISÍN IV

### An ceistneoir

Ceisteanna faoin Chlub Gaeilge

Ainm:



1. An maith leat an Ghaeilge? Cén fáth?

*Do you like Irish? Why? Why not?*

---

---

2. An bhfuil sé tábhachtach duit an Ghaeilge a fhoghlaim? Cén fáth?

*Is it important for you to learn Irish? Why? Why not?*

---

---

3. Cén fáth ar fhreastail tú ar an gClub Gaeilge?

*Why did you decide to attend the Club Gaeilge?*

---

---

4. Conas atá do chuid Gaeilge faoi láthair?

*How would you describe your Irish at the moment?*

---

---

5. An bhfaigheann tú deis an Ghaeilge a labhairt i do chuid ranganna Gaeilge?

*Do you get an opportunity to speak Irish in your Irish classes?*

---

---

6. An mbíonn tú compordach ag labhairt as Gaeilge sa seomra ranga? Cén fáth?

*Are you comfortable speaking Irish in the classroom? Why? Why not?*

---

---

7. An raibh tú compordach ag labhairt as Gaeilge sa Chlub Gaeilge? Cén fáth?

*Were you comfortable speaking Irish in the Club Gaeilge? Why? Why not?*

---

---

8. An labhraíonn tú Gaeilge lasmuigh den seomra ranga/Club Gaeilge? Cén fáth?

*Do you speak Irish outside of the classroom/Club Gaeilge? Why? Why not?*

---

---

9. Ar chabhraigh an Club Gaeilge le do chuid Gaeilge sa rang? Conas?

*Did the Club Gaeilge help you with speaking Irish in your Irish classes? How?*

---

---

10. An spreagann éinne tú chun an Ghaeilge a labhairt ar scoil nó sa bhaile? Cé hiad?

*Does anyone encourage you to speak Irish at school or at home? Who?*

---

---

11. An spreagann tusa éinne chun an Ghaeilge a labhairt? Cén fáth?

*Do you encourage anyone to speak Irish? Why? Why not?*

---

---

12. An ndeachaigh tú ar thuras an Chlub Ghaeilge go dtí an Ghaeltacht? Cén fáth?

*Did you go on the Club Gaeilge trip to the Gaeltacht? Why? Why not?*

---

---

13. Céard é an rud is mó a thaitin leat faoin turas sin? Cén fáth?

*What did you enjoy most about the trip? Why?*

---

---

14. Cad nár thaitin leat faoin turas sin? Cén fáth?

*What didn't you like about the trip? Why?*

---

---

15. Ar ghlac tú páirt i seisiún bácála an Chlub Ghaeilge? Cén fáth?

*Did you take part in the Club Gaeilge baking event? Why? Why not?*

---

---

16. Cad iad na rudaí a thaitin leat faoin gClub Gaeilge? Cén fáth?

*What were the things you liked about the Club Gaeilge? Why?*

---

---

17. Cad iad na rudaí nár thaitin leat faoin gClub Gaeilge? Cén fáth?

*What were the things you didn't like about the Club Gaeilge? Why?*

---

---

18. Céard é an rud ab fhearr mar gheall ar an gClub Gaeilge? Cén fáth?

*What was the best thing about the Club Gaeilge? Why?*

---

---

19. Céard é an rud ba mheasa mar gheall ar an gClub Gaeilge? Cén fáth?

*What was the worst thing about the Club Gaeilge? Why?*

---

---

20. An bhfuil aon mholtaí agat chun an Club Gaeilge a fheabhsú ionas go mbainfeá féin nó daltaí eile níos mó tairbhe agus sásaimh as, dar leat?

*Have you any suggestions that you think would improve yours or others' enjoyment of the Club Gaeilge ?*

---

---

21. Ar mhaith leat páirt a ghlacadh sa Chlub Gaeilge dá mbeadh sé ar siúl sa scoil arís an bhliain seo chugainn? Cén fáth?

**Would you be interested in taking part in the Club Gaeilge if it was on in the school again next year? Why? Why not?**

---

---

22. An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat a chur in iúl mar gheall ar an gClub Gaeilge?

*Is there anything else you would like to say about the Club Gaeilge?*

---

---

---

**Míle buíochas!**

**Ms. O'Leary**



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra: \_\_\_\_\_

Parent/Guardian Signature: \_\_\_\_\_

## AGUISÍN V

### An ceistneoir – Na freagraí

<b>1.</b>	<b>An maith leat an Ghaeilge? Cén fáth?/ Do you like Irish? Why? Why not?</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Yes, because I enjoy the sound of the language.</li><li>• Yes, because it's nice to know our country's language.</li><li>• Yes, it's my native language.</li><li>• No, it's difficult.</li><li>• I don't mind Irish, but it's not my favourite subject because the way it's taught. It's not as fun as learning other subjects such as English or Spanish.</li><li>• I don't mind it, interesting.</li><li>• Yes, I think it's a good language to be able to speak.</li><li>• I like Irish as a language, but I don't like being taught Irish. I don't believe that language should be taught like other parts of the curriculum, drummed in.</li><li>• Yes, interesting language.</li><li>• Yes, because I don't think it's that hard.</li><li>• Yes, Irish Club made Irish fun.</li><li>• No, I find it difficult.</li><li>• Is maith liom Gaeilge mar is teanga don tír é.</li><li>• I like Irish because it isn't too difficult and it's interesting/useful to know as many languages as possible in my opinion.</li><li>• Is aoibhinn liom Gaeilge! Ceapaim gur pháirt do mo chultúr féin agam agus is ana-thábhachtach é san aithne Éireannach.</li><li>• I do. It's a nice language to speak.</li><li>• Yes, sense of heritage and culture.</li><li>• Yes, but it's difficult to pick up.</li><li>• Yes, because I think it's important.</li><li>• Yes, I find it enjoyable to speak.</li><li>• I like Irish because it's an interesting language and it's an important part of our history and culture.</li><li>• Yes, because I think it's interesting.</li><li>• I like Irish as a language but not as a subject, i.e. speaking etc. but not studying An Triail/short stories/writing aistí.</li><li>• While my weakest subject, it is enjoyable to understand another language and to express yourself with it.</li><li>• I suppose, it's my native language.</li><li>• Yes, one of our country's identities.</li><li>• Yes, I like it because it is my native language.</li><li>• I can't say I don't like it, but I also don't hate it.</li></ul>
<b>2.</b>	<b>An bhfuil sé tábhachtach duit an Ghaeilge a fhoghlaim? Cén fáth?/ Is it important for you to learn Irish? Why? Why not?</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Yes, because I think that it is in our identity to learn and speak it.</li><li>• Yes, because you need it to pass the exams.</li><li>• Yeah, Leaving Cert.</li><li>• Yes, it is important to speak Irish because then we can use it for Junior Cert and Leaving Cert.</li><li>• No, because I'm foreign and it's not my language.</li><li>• Not really, I'm only learning it to pass my exams in the future after that I won't probably speak Irish again after that.</li><li>• No, because it is hardly spoken.</li><li>• Yes, because I like being able to speak good Irish even though I'm not Irish.</li></ul>

	<ul style="list-style-type: none"> <li>• It's vitally important so as to keep our native language alive and preserve our culture. That said, a more cultural understanding of Irish should, in my opinion be given.</li> <li>• No, you're not going to use it in the future.</li> <li>• Yes, because it is the national language and it's dying out.</li> <li>• Yes, it is our native language.</li> <li>• No and yes. No because I will never continue it on after school, and yes because it's the native language.</li> <li>• Tá, mar chun feabhas a chur ar mo Ghaeilge.</li> <li>• I think it is important to learn Irish because it may be similar to other languages, making it easier.</li> <li>• Tá sé tábhachtach mar is ithne tanáí ag ábalta labhairt Ghaeilge an lá atá inniu ann. Sílim gur sé lárnach i bFionn Éireannach.</li> <li>• Yes, I feel it's important to develop my cultural side and language skills. Also, it's a nice language to speak.</li> <li>• Yes, to be able to fully understand native Irish speakers, sense of inclusiveness.</li> <li>• Yes, I think it's very important to know your country's original language. It's like your own identity.</li> <li>• Yes, to keep it alive. Not to let the language die.</li> <li>• Yes, to do well in exams and for work in my later life.</li> <li>• It is important because it keeps our culture alive and given occupations like an Irish teacher.</li> <li>• Yes, because it's our native language.</li> <li>• No. Not many people can speak it and those who can still don't. And, absolutely no one writes with Irish if they have to choice to use English.</li> <li>• No, as my college course don't require it and I will probably not have Irish as one of my top six subjects.</li> <li>• For myself it is. I would like to be able to speak my native language.</li> <li>• Yes, but the enforcement is too strung out over our lives. Should be shorter and more dense.</li> <li>• Yes, it is good to have a second language.</li> <li>• No, because most of the people in Ireland don't speak Irish.</li> </ul>
<p><b>3.</b></p>	<p><b>Cén fáth ar fhreastail tú ar an gClub Gaeilge?/ Why did you decide to attend the Club Gaeilge?</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Because I thought it looked interesting.</li> <li>• Because it's nice to be able to talk with your friends in Irish.</li> <li>• Those wristbands were pretty nice.</li> <li>• My friends got me into it.</li> <li>• To have a new experience.</li> <li>• It sounded fun and you speak Irish in a more fun way as such as playing games through Irish and watching programmes.</li> <li>• To see what it was like.</li> <li>• I thought it would be interesting to use the Irish I have with others.</li> <li>• We were promised a trip out of school to go and see a play. What's not to like?</li> <li>• To learn more Irish.</li> <li>• I thought it would be fun and it was.</li> <li>• Because it sounded fun and I wanted to improve my Irish.</li> <li>• I thought it would help my Irish.</li> <li>• Freastail mé ar an gClub Gaeilge mar bhí mo chairde ag teacht chun Club Gaeilge.</li> <li>• I decided to go to Club Gaeilge because I find Irish an easy subject, but it's quite hard to speak so I thought Club Gaeilge might help me.</li> <li>• Cleachtadh agus leasú mo Ghaeilge sa bhliain Ardteist.</li> <li>• To see if I could improve my Irish there.</li> </ul>

